



Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre  
Road Safety Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2022



VISION  
ZERO





---

**Trí chur chuige bunathraithe a ghlacadh maidir le beartas, cleachtas agus rialachas um shábháilteacht ar bhóithre, agus trí bheith nuálach inár gcur chuige maidir le hoibriú i gcomhpháirtíocht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus lenár bpobail, táimid i suíomh uathúil chun na laghduithe criticiúla ar bhásanna agus ar ghortuithe tromchúiseacha a theastaíonn faoi 2030 a bhaint amach agus chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ár sprioc deiridh Vision Zero faoi 2050.**

---



# Clár Ábhair

<b>02</b>	<b>Ráiteas an Chathaoirligh</b>
<b>04</b>	<b>Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin</b>
<b>06</b>	<b>Ár dTionchar: Príomhghnóthachtálacha na Bliana</b>
<b>12</b>	<b>Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2022</b>
<b>20</b>	<b>Buaicphointí Oibriúcháin</b>
22	Luasanna Sábháilte
23	Feithiclí Sábháilte
27	Úsáid Shábháilte Bóithre
41	Modhanna Taistil Sábháilte agus Sláintiúla
42	Úsáid Shábháilte Bóithre a Bhaineann leis an Obair
<b>43</b>	<b>Ár Sármhaitheas Oibriúcháin</b>
<b>46</b>	<b>Dul Chun Cinn Beartais s’againn de thairbhe taighde agus fianaise</b>
<b>49</b>	<b>Ár gComhpháirtíochtaí agus Comhoibrithe</b>
<b>56</b>	<b>Dul Chun Cinn s’againn maidir le hAthrú Aeráide agus Inbhuanaitheacht</b>
<b>59</b>	<b>Ár bPobal</b>
64	Ár mBord
65	Ár bPOF agus ár Stiúrthóirí
<b>66</b>	<b>Ráitis Airgeadais</b>

# Tuarascáil an Chathaoirligh

**Bhí 2022 ina bhliain dhíomách don tsábháilteacht ar bhóithre, ní amháin in Éirinn ach ar fud na hEorpa. I gcomparáid le 2021, bhí méadú ann ar líon na mbásanna sa tír seo agus sna tíortha Eorpacha, rud a thugann saincheisteanna sábháilteachta bóthair chun tosaigh arís eile.**

Anois an t-am le machnamh a dhéanamh ar an bhliain a bhí ann agus, go criticiúil, leis an Straitéis um Shábháilteacht Bóithre a seoladh in 2021 a neartú, rud a sholáthraíonn clocha tromchúiseacha le haghaidh ‘Fís Nialas’ ionas nach mbeidh aon bhás agus aon ghortú tromchúiseach ar bhóithre na hÉireann faoi 2050

Bhí 156 bás ann ar ár mbóithre le linn 2022. Ní staitistic amháin é sin, ach tá 156 teaghlach a bhfuil ag déanamh bróin anois scriosta, agus iad ag streachailt le tuiscint a fháil ar a gcailliúint gan ghá. Chomh maith leis sin, bhí 1442 díobháil thromchúiseach ann mar thoradh ar bhualadh tráchta bóthair, 1442 duine a bhféadfadh imbhuiladh bóthair a athrú ar a saol go deo. Ní mór dúinn aitheantas iomlán a thabhairt ar thromchúis na n-iarmhairtí den sórt sin agus an tionchar a bhíonn acu ar na híospartaigh agus ar a dteaghlach a aithint, rud a d'fhéadfadh a bheith chomh tubaisteach uaireanta leis an bhás féin.

Agus mé ag feidhmiú i mo Chathaoirleach, is mian liom an tacaíocht urghnách a thugann ár n-ionadaithe sábháilteachta ar an RSA gach bliain a aithint, lena n-áirítear Elaine Burke agus Lauren Cleary i mbliana, beirt arna cailleadh duine muinteartha ar ár mbóithre ar na mallaibh. D'oibrigh Elaine agus Lauren go dlúth leis an RSA le linn ár bhFeachtas Nollag le feachtas a ardú ar an tionchar fíor-shaoil a d'fhéadfadh a bheith ag imbhuiladh bóthair ar theaghlach agus ar a ndaoine muinteartha. Tá a gcuid fianaise chumhachtach agus na scéalta tubaisteach ónár n-ionadaithe sábháilteachta bóthair uile riachtanach chun cuidiú linn an réaltacht chrua a thaispeáint de bhás nó díobháil thromchúiseach mar gheall ar imbhuiladh bóthair.

In ainneoin na bliana díomáiche, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair mhaith a rinneadh i 2022 chun sábháilteacht bóithre a fheabhsú. Go háirithe, molaim an tiomantas athnuaithe ar shábháilteacht bóithre déanta sna pobail fud fad na hÉireann. Taispeánadh na Gradaim Leading Lights 2022 an obair fíor-éifeachtach atá á dhéanamh ag scoileanna, coláistí, pobail, gnólachtaí agus daoine aonair chun sábháilteacht bóithre a shaothrú.



## Liz O'Donnell

**Cathaoirleach, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (an RSA)**

Spreagadh mé le feiceáil go raibh an oiread sin daoine, go háirithe daoine óga, toilteanach le hobair a dhéanamh chun dearcadh agus iompar a athrú ar bhealaí níos fearr.

Seasann daoine óga mar phríomhghrúpa an RSA maidir le seachadadh ár seirbhísí. Oibrímid leis na mílte duine óg gach bliain le go mbeith siad ina dtiománaithe sábháilte agus freagrach agus iad ag ullmhú agus ag dul i ngleic lena gcuid scrúduithe tiomána. In 2023, cuirfimid Fóram Óige ar an fhód, le glór agus ardán a thabhairt dár n-ionadaithe óga i dtaca le saincheisteanna sábháilteachta bóithre.

Ba bhliain dhúshlánach í dár seirbhísí agus iad ag streachailt le freastal ar an éileamh iar-COVID. Gabhaimid ár mbuíochas ar gach duine as a gcuid foighne nuair a bhí na comhordaitheoirí seirbhíse ag obair go cruach chun na saincheisteanna a thagann le méadú an éileamh a cheartú. Tá muid muiníneach go ndéanfar dul chun cinn suntasach eile in 2023 chun na saincheisteanna seo a réiteach agus iad a thabhairt ar ais ag an ghnáthleibhéal arís.

Bhí forbairtí tábhachtacha ann i dtéarmaí beartais sábháilteachta bóthair in 2022 a chuirfidh cnámh droma ar fáil chun ‘Fís Nialas’ a bhaint amach. Go háirithe, beidh an Bille um Thrácht ar Bhóithre agus na Bóithre, mar aon le rialachán ar na E-scútair, ríthábhachtach do bheartais sábháilteachta bóithre, nuair rithfear iad. Bhí dul chun cinn suntasach ag an Bhille in 2022 agus táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm é in 2023.

Tá mise den bharúil go raibh moltaí an RSA don Rialtas in 2022 suntasach go mór le cinnte a dhéanamh go gcuirfeadh torthaí sábháilteachta ar an chineál feithicil nua é sin, agus a leithead, chun tosaigh sa reachtaíocht.

Ní sheasann an tsábháilteacht bóthair ar leithligh ach nasctha le príomhréimsí beartais rialtais eile atá sí, lena n-áirítear an gníomhú ar son na hAeráide agus an tsoghluaisteacht inbhuanaithe. Leanfaimid orainn ag tacú leis na réimsí beartais seo agus ag obair go dlúth le hoifigigh Rialtais chun iad a chur i gcrích.

Faoi dheireadh 2022, bhí athrú aire ann maidir leis an Aire Stáit le freagracht as Iompar Idirnáisiúnta agus ar Bóthair agus Lóistíocht. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair Naughton as a cuid ceannaireachta i dtaobh sábháilteacht bóithre. Bhí ról nach beag aici maidir le líon na bhfíneálacha le haghaidh roinnt cion tráchta a mhéadú faoi dhó agus bhí páirt mhór suntasach aici maidir le cur i bhfeidhm an ‘Chláir Bealaí Sábháilte chun na Scoile’. Guím gach ráth uirthi ina ról nua. Ba mhaith liom fosta fáilte a chur roimh an Aire Chambers, agus tá mé ag súil le bheith ag obair leis i 2023 agus níos faide i leith.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Choimisinéir Cúnta, Póilíní Bóithre agus Gníomhaíocht Pobail agus lena gcomhghleacaithe sna Gardaí Síochána as a gcuid oibre crua agus tiomantas do shábháilteacht bóithre a chur i bhfeidhm sa bhliain díomách seo a chuaigh thart. Tá forfheidhmiú riachtanach lenár mbóithre a choinneáil sábháilte, agus tá an RSA ag obair go dlúth le gardaí sinsearach le cinntiú go bhfanann an sábháilteacht bóithre ina príomhthosaíocht do gach úsáideoir bóthair. Agus muid ag druidim ar 2023, beidh ár gcomhpháirtíocht leis na Gardaí Síochána fós tábhachtach, go háirithe maidir le dul i ngleic le fadhb an luais.

Leanfaimid orainn in 2023 ag obair go dlúth le Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre a chur i bhfeidhm lenár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte. Is é an príomhbhealach chun seo a dhéanamh ná an cur chuige ‘Córais Sábháilte’, rud a aithnítear mar chur chuige fearr-chleachtas idirnáisiúnta maidir le bainistiú sábháilteachta bóthair.

Is é ceann de na príomh-réimsí idirghabhála in 2023 ná ‘Luasanna Sábháilte’, agus beidh an príomh-spotsolas ar cúrsaí luais in 2023. Is é an eochair leis seo ná athbheithniú a dhéanamh ar theorainneacha luasanna agus dul i dtreo teorainneacha 30 km/h a thabhairt isteach mar réamhshocraithe i gceantair uirbeacha.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann RSA as a n-iarrachtaí agus a gcuid oibre crua in 2022, a bhí ina bhliain gnóthach do na bóithre agus don tsábháilteacht bóithre. Gabhaim mo bhuíochas fosta le gach úsáideoir bóthair a d'athraigh a n-intinn agus a n-iompar in 2022 chun ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach duine.

Agus an meall mór ar deireadh, impím ar thiománaithe a luasanna a moilliú agus a bheith airdeallach faireach nuair a bheas roth stiúrtha idir lámha acu. Is le chéile amháin ina dtiocfadh linn an ‘Fís Nialas’ a bhaint amach.

**Liz O'Donnell**  
Cathaoirleach



# Ráiteas an Phríomhoifigigh

## Feidhmiúcháin

**Bhí 2022 ina bhliain dhúshlánach do shábháilteacht bóithre ar fud an domhain agus go háirithe in Éirinn mar gur bhásaigh 156 duine go tragóideach ar ár mbóithre, méadú 15% ar an bhliain roimhe sin. Tá an RSA tiomanta do ‘Fís Nialas’, todhchaí gan básanna bóthair, an smaoineamh sin nuair a bheas bás amháin barraíocht. Ar an drochuair, is patrún é méadú na mbásanna ar bhóithre in 2022 ar fud na hEorpa.**

In ainneoin an dúshláin seo, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don obair atá á déanamh chun na cuspóirí arna leagadh amach ag an Straitéis um Shábháilteacht Bhóithre 2021–2030 a bhaint amach. Tá an obair seo á threorú ag an Bhord Comhpháirtíochta um Athrú Slándála Bóithre, ina bhfuil 14 eagraíocht éagsúla ann, agus tháinig na heagraíochtaí sin le chéile cúig huaire in 2022 chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus treoir a thabhairt maidir le cur chun feidhme na straitéise.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an RSA maidir lena ghníomhartha a chur i gcrích i gCéim a hAon den Straitéis um Shábháilteacht Bhóithre 2021-2024. Tá 186 beart ann sa chéim seo. Faoi láthair, tá an RSA i gceannas ar 92 bheart agus tá siad freagrach as ocht gcinn breise. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag na gníomhaireachtaí go léir atá freagrach as na 186 beart sin, arna leagadh amach ag an straitéis, a chur i gcrích.

In 2022, críochnaíodh 10 mbeart arna leagadh amach ag Céim a hAon. I mí Dheireadh Fómhair na bliana seo caite, tugadh isteach rialacháin a dhúbail na muirir shocraithe a bhaineann le 16 chion sábháilteachta bóthair lena n-áirítear luas a bhaint, úsáid gutháin agus gan criosanna sábháilteachta a chaitheamh, ceann de na príomhspricanna de réir Chéim a hAon na Straitéise.

Thug an RSA moltaí láidir maidir le sábháilteachta bóithre chuig an Rialtas i ndáil le scútair leictreonacha i mí Aibreáin 2022, agus bhí tionchar acu seo ar na bealaí ar chóir na scútair leictreonacha a húsáid in Éirinn, mar a leagtar amach sa Bille um Thrácht agus Bóithre atá le teacht (atá le cur i bhfeidhm i 2023). Creidimid go mbeidh an idirghabháil seo ina chuidiú don RSA níos mó beatha a shábháil agus gortuithe níos tromchúisí a chosc san am amach romhainn.

I mí na Nollag, sheol an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (an MBRS), An Garda Síochána agus an RSA gléas nua réamhthástála drugaí do thiománaithe, gléas a thiocthadh teacht ar láithreach de raon mór drugaí agus tástáil taobh bóthair a dhéanamh ar an toirt. Ba é seo ceann de na príomhspricanna ó Chéim a hAon den Straitéis um Sábháilteacht ar Bhóithre. Bhí ról lárnach ag an MBRS as an gléas seo a chur i bhfeidhm.



**Sam Waide**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá an gléas nuálach ar fad sa mhéid is go bhfuil sé níos iniompartha, níos gasta le torthaí a bhronnadh agus is féidir tástáil a dhéanamh ar raon drugaí níos leithne.

Tá comhpháirtíocht agus comhoibriú ríthábhachtach lenár gcuspóirí arna leagadh amach ag Céim a hAon a bhaint amach agus inár gcuid oibre go léir chomh maith agus muid ag dul i dtreo ‘Fís Nialas’. Agus é sin san áireamh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Iompair agus leis na Gardaí Síochána as a dtiomantas leanúnach maidir le sábháilteacht bóthair in 2022. Gan a dtacaíocht agus a gcuidiú, ní bheadh cur chun feidhme an Straitéise um Shábháilteacht Bhóithre indéanta.

In 2022, chaith an RSA mar eagraíocht tamall fada ar an bhóthar féin, ag díriú ar an rannpháirtíocht réigiúnach agus ar chúrsaí oideachais a leathadh amach. Thit trí imeacht mór ar leith amach ó Chontae Bhaile Átha Cliath; i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Leitir Ceanainn. Tá an rannpháirtíocht seo ríthábhachtach chun bualadh le príomhpháirtithe leasmhara agus tacaíocht a shlógadh chun ár gcuspóirí sábháilteachta bóthair a bhaint amach

Reáchtáil an RSA roinnt imeachtaí i rith na bliana freisin. Ag an am a cuireadh an Chairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre ar bun arís in oifigi Choimisiúin an AE i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair, d’impigh an RSA ar dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí a gcuid sínithe a chur leis an Chairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre.



Bhí an Comhdháil Bhliantúil um Shábháilteacht Bhóithre, a tionóladh i mí Dheireadh Fómhair freisin, dírithe ar 'Beart a dhéanamh ar luas: Fachtóirí Riosca agus Idirghabhálacha'. D'fhoghlaim rannpháirtithe an ócáide ó chainteoirí ó bhaile agus thar lear a roinn a gcuid saineolais agus a dtaithí maidir le hidirghabhálacha dea-chleachtais a fhorbairt chun dul i ngleic le cúrsaí luais.

In 2022, sheol an RSA ár tairseach foghlama fíorúil a bhuaigh duaiseanna freisin, a thairgeann taithí sábháilteachta bóthair inchreidte. Is é an RSA an chéad chomhlacht poiblí in Éirinn a bhí ina cheannródaí ar an teicneolaíocht seo le haghaidh foghlama, spás slán ar líne inar féidir le múinteoirí RSA múinteoirí agus a gcuid daltaí a threorú trí thaithí foghlama méadaithe.

D'oibrigh an RSA le roinnt eagraíochtaí agus imeachtaí in 2022, lena n-áirítear Féile Idirnáisiúnta Rose of Tralee, Grúpa Volkswagen, Féile Picnic Leictreach, Cumann na nImreoirí Gaelacha, Macra Na Feirme, Cumann Feirmeoirí na hÉireann, Applegreen, Coca-Cola, Cumann Aistritheoirí agus Ateangairí na hÉireann, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, Spórt Capall Éireann agus Rásaíocht Capall Éireann, Rothaíocht Éireann agus Cyclist.ie. Chomh maith leis sin, chuaigh muid i gcomhpháirtíocht le 'Age-Friendly Ireland' agus leis an Garda Síochána chun teachtaireachtaí sábháilteachta a bhaineann le lucht féachana níos sine a fheabhsú, agus sheol muid ár bhfeachtas nua chun sábháilteacht na ndaoine scothaosta a chur chun cinn.

Bhí sé maith a bheith ar ais ag imeachtaí beo ar nós an Chomórtais Treabhdóireachta agus Eolaí Óg de chuid BT. Chuaigh ár seirbhísí oideachais ar ais ar an bhóthar ag tabhairt cuairte ar scoileanna agus ar phobail áitiúla tar éis dhá bhliain as láthair.

Ba bhliain an-ghnóthach í freisin dár seirbhísí agus muid ag teacht amach as am an COVID-19. Rinneadh níos mó ná 180,000 tástáil tiomána, eisíodh 700,000 ceadúnas tiomána iomlán agus deonaíodh 245,000 ceadúnas foghlaimeora. In 2022, d'éirigh le feithiclí níos mó ná 2 mhilliún tástáil NCT. Ina theannta sin, chuaigh foirne RSA i gcoinne le 149,000 ceist, 94,000 glao agus 55,000 ríomhphost ó chustaiméirí chun tacú le custaiméirí le linn a dturas iompair.

Ar ndóigh, níor tháinig an t-éileamh seo gan dúshlán, go háirithe maidir le tástálacha tiomána agus seirbhísí NCT. Déanaimid ár ndícheall seirbhís ardchaighdeán, éifeachtúil, dírithe ar chustaiméirí a sholáthar do gach custaiméir. Mar sin féin, bhuaill muid le 'uchtóg mhoillithe' maidir lenár gcumas an tiomantas seo a chomhlíonadh sa dara leath de 2022 mar gheall ar chomhcheangal fachtóirí,

lena n-áirítear saincheisteanna oidhreachta ó COVID-19, éileamh custaiméirí méadaithe agus dúshlán acmhainní.

Tháinig an RSA os comhair Coiste Comhpháirteach an Oireachtais dhá uair in 2022, i mí Feabhra agus i mí Dheireadh Fómhair. Is anseo gur leag muid síos ar na príomhchéimeanna atá á ghlacadh chun dul i ngleic leis na cúlchistí agus chun soláthar seirbhísí a fheabhsú. Is é príomhfhócas dúinn in 2023 ná a chinntiú go mbainfear ár leibhéal seirbhíse do chustaiméirí i ngach seirbhís RSA, ag léiriú ár dtiomantas chun seirbhísí den chéad scoth a thairiscint a chuireann luach ar fáil dár gcustaiméirí.

Leagann ár bPlean Corparáideach nua amach uailmhianta agus cuspóirí straitéiseacha an RSA don tréimhse 2022-2025. Tá sé rithábhachtach é a chur i bhfeidhm leis an Straitéis um Shábháilteacht Bhóithre 2021-2030 a chur i gcrích go rathúil. Éilíonn luas na hathruithe agus na nuálaíochta ar fud na hearnála iompair breithniú agus anailís chúramach ionas gur féidir linn tuiscint a fháil agus pleanáil a dhéanamh ar aon thionchar sa todhchaí ar shábháilteacht bóthair agus ar sheachadadh ár seirbhísí.

I mo ról mar oifigeach cuntasáíochta, glacaim freagracht as úsáid chuí €96.8 milliún de chistí ag an ÚSB in 2022.

Tá áthas orm a rá, tar éis athbhreithnithe ar an eagraíocht, mar chuid den phlean corparáideach nua, gur chríochnaigh muid cur chun feidhme ar an chur chuige eagraíochta nua taobh istigh den RSA, a aithneoidh agus a thuar riachtanais reatha agus todhchaí an eagraíochta níos fearr.

Ar an nóta deiridh, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do fhoireann RSA, do na páirtithe leasmhara, dár n-ionadaithe sábháilteachta bóthair agus do na meáin as a dtacaíocht leanúnach. Ní féidir torthaí níos fearr maidir le sábháilteacht ar bhóithre a bhaint amach ag aon duine nó eagraíocht amháin ina n-aonar agus ní mór dúinn aghaidh a thabhairt air le chéile. Is féidir linn todhchaí níos sábháilte a bhaint amach ar ár mbóithre do gach duine nuair a oibrímid i gcomhpháirtíocht agus i gcomhar. Léirítear ag ár dtuarascáil bhliantúil go ndearna muid iarracht é seo a dhéanamh in 2022, agus go bhfuil spreagadh mhór againn leanúint ar aghaidh agus an cur chuige seo a fheabhsú in 2023 agus ina dhiaidh sin.

**Sam Waide**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Ár dTionchar

## Príomhghnóthachtaí na Bliana 2022



Láncheadúnais  
arna n-eisiúint

**712,687**



Ceadanna  
foghlaimora arna  
n-eisiúint

**244,745**

Seirbhís ar líne  
leathnaithe um  
cheadúnais tiomána  
náisiúnta - le meánlíon  
náisiúnta ar

**41%**



Líon  
suíocháin  
gluaisteán  
do leanaí a  
seiceáladh



**4,468**



Iomlán  
tástálacha  
tiomána ar fáil

**180,692**



Ráta pas iomlán  
na tástála tiomána

**53%**

Thug muid aghaidh ar **149,000** ceist,  
**94,000** glao agus  
**55,000** ríomhphost ó chustaiméirí

Thart faoi  
**40 milliún**

iarratas do shonraí tiománaithe



Teagascóirí Tiomána Faofa i  
bhfeidhm in Éirinn

**2,295**



**1,285,796**

Ceachtanna riachtanacha  
oiliúna tiománaithe arna  
chríochnú in 2022



Líon  
tástálacha  
teoirice  
tiománaithe  
sceidealta



**210,743**

Dáileadh  
Éadaí  
Sofheicthe



**394,350**



Líon seicphointí  
forfheidhmithe

**1,837**



Feithiclí a  
seiceáladh

**20,497**

Os cionn  
**2 milliún**

Líon  
tástálacha  
a éiríodh in  
2022

**54%**

Pasráta  
NCT



**16**



Fíneálacha a  
bhaineann le cionta  
sábháilteachta bóithre  
arna mhéadú faoi dhó,  
lena n-áirítear a bheith  
ag dul róghasta agus  
úsáid gutháin

Athbhreithniú  
ar mhodhanna  
idirnáisiúnta chun  
úsáid na scútair  
leictreacha a rialú le  
heolas a dhéanamh  
do pholasaí na  
hÉireann



Líon daoine a fhaigheann  
oideachas  
sábháilteachta  
bóithre  
**127,571**

**2,210**

gach cur i  
láthair ar  
shábháilteacht  
bhóithre arna  
thugadh







## Ionad Cúram Custaiméirí

In 2022, lean ár nIonad Cúraim do Chustaiméirí ag tacú lenár gcustaiméirí trí rochtain a sholáthar ar sheirbhísí bainistíochta fiosrúchán ardchaighdeán, tráthúla agus gasta de réir na ngealltanais a leagtar amach inár bPlean Corparáideach agus inár gCairt Chustaiméirí.

**Bhí 149,000 ceist againn agus d'fhreagair muid 94,000 glao agus 55,000 ríomhphost custaiméara.** Leanamar ar aghaidh ag feabhsú ár bpróisis, rud a laghdaigh go mór amanna feithimh do chustaiméirí agus ráta glaonna diúltaithe s'againn thar an tréimhse.

## Éachtaí Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Próiseáladh thar faoi ná **40 milliún** iarratas ar shonraí tiománaithe go huathoibríoch chun tacú le custaiméirí a bhíonn ag idirghníomhú le hardáin agus réitigh dhigiteacha poiblí an RSA.



Rinneadh níos mó ná 58 imscaradh ar chórais óstáilte TFC an RSA chun feabhsuithe a dhéanamh ar chórais atá dírithe ar chustaiméirí amhail MyRoadSafety, NDLS Ar Líne, tairseacha CPC agus EDT agus rsa.ie.

Cuireadh 188 athrú teicniúil TFC agus díoltóirí i bhfeidhm in 2022. Áiríodh leis seo imlonnú bogearraí chomh maith le nuashonruithe rialta balla dóiteán, líonra agus gléas / freastalaí.

Bhí ama fónaimh córais ag baint le hardáin agus réitigh dhigiteacha RSA atá dírithe ar chustaiméirí de mhéid **99.275%** in 2022.

## Dámhachtainí



- Bhuaigh an RSA an bonn óir ag Gradaim na Meán in 2022 don chatagóir 'Úsáid is Fearr as Closamhairc'. Bhí ár n-iontráil ina staidéar cás ar ár gcur chuige chun sprioc a chur go sonrach ar fhir, idir 17 agus 35 bliana d'aois trí chúrsaí closamhairc, agus cén dóigh le húsáid a bhaint as comhthéacs na spóirt beo mar saghas mhéadaitheoir éifeachtachta teachtaireachtaí agus is mar gheall ar sin go raibh muid in ann lucht féachana atá ceandána deacair a bhaint amach.



## Duais Lovie



**Bhain Tairseach Foghlama Fíorúil (Eachtra Inchreidte Shábháilteacht ar Bhóithre) de chuid RSA: duais ag na Duaiseanna Lovie**



Bhuaigh an RSA agus a ghníomhaireacht Duais Rogha an Phobail chomh maith leis an Lovie Cré-umha sa chatagóir 'Trialach is Fearr' (Meitivéarsa) agus tharla seo ag an 12ú Duaiseanna Lovie Bliantúil. Tá na duaiseanna seo á réachtáil ag Acadamh Idirnáisiúnta na nEalaíon agus na nEolaíochtaí Digiteacha (an IADAS) agus sa bhliain 2022 ghlac níos mó ná 1,000 iontráil ó 30 tír éagsúla páirt ann. Bhí an feachtas ag casadh timpeall ar thairseach foghlama atá ar fáil do bunscoileanna agus meánscoileanna ar fud na hÉireann, chun sábháilteacht ar bhóithre a mhúineadh do pháistí. Is áit slán ar líne é an tairseach ina bhféadfaidh oideachasóirí an RSA múinteoirí agus a gcuid daltaí a threorú trí thairseach foghlama feabhsaithe.



## Leantóirí ar ár Meán Sóisialta dar chríoch an 31 Nollaig 2022



**201,178**

Is maith liom ar Facebook

▲ 1.3%



**40,830**

An líon leantóirí ar Twitter

▲ 6.3%



**12,830**

An líon sintiúsóirí ar YouTube

▲ 13.3%



**11,561**

Lucht leanúna ar Instagram

▲ 15.3%



**7,567**

Lucht leanúna ar LinkedIn

▲ 8.5%

## Céim a hAon den Straitéis um Shábháilteacht Bhóithre 2021-2024

Tá dul chun cinn maith déanta maidir leis na 186 gníomh a leagtar amach ag Céim a hAon de Straitéis um Shábháilteacht Bhóithre 2021-2024, agus tá formhór na ngníomhaíochtaí ar an bhóthar ceart. Clúdaítear ag na príomhréimsí fócais an méid seo a leanas:

- Póilíneacht agus Forfheidhmiú
- Bearta bainistíochta luais
- Foinsí éagsúla sonraí a chomhdhlúthú chun treochtaí a thuiscint agus chun cinneadh a dhéanamh
- Úsáid na reachtaíochta agus na smachtbhannaí
- Infheistíocht i mBonneagair
- Forbairt agus cur i bhfeidhm na teicneolaíochta nua
- Cumarsáid agus oideachas poiblí
- Tacaíocht do thaisteal gníomhach
- Ceachtanna ó dhlínsí eile
- Béim ar an tiomáint le haghaidh oibre

**Clúdaítear ag Céim a hAon** tionscadail atá faoi cheangal ama agus tionscadail a tharlaíonn arís agus arís eile

**Tá 57** eagraíochtpáirteach: Tugann 19 roinn agus gníomhaireacht rialtais éagsúla ceannaireacht dhíreach agus tá ról tacaíochta idir lámha ag 38 ceann eile

**Tá an RSA i gceannas ar 100** de na tionscadail (idir ceannas iomlán agus chomhfhreagracht)

Is í an Bord Chomhpháirtíocht um Athrú Sábháilteachta Bóithre (an RSTP) a éascóidh ceannaireacht an chláir, agus déantar ionadaíocht de 14 eagraíocht éagsúla chomh maith.

Bhuail bord an RSTP le chéile cúig huaire i rith 2022, chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus treoir a thabhairt ar réimsí fócas sonracha (luas / ag dul róghasta, pointí pionóis, srl.).





**2021-2024**

Plean Gníomhaíochta 2021-2024 Chéim 1

## Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 Dul Chun Cinn ar Chéim a hAon den Phlean Gnímh

### Beart #16

Tá 1,000 km de shaoráidí siúil agus rothaíochta críochnaithe, nó tá siad á thógáil faoi láthair nó go luath ar an líonra bóthair náisiúnta, áitiúil agus réigiúnach, chun socruithe sábháilte rothaíochta agus siúil a sholáthar d'úsáideoirí de gach aois.

Tá infheistíocht €360 milliún á dhéanamh gach bliain i mbealaí siúil, i mbóithre glasa agus i saoráidí rothaíochta.

#### Roimh



#### I ndiaidh



### Beart #7

Bunaíodh Tascfhórsa ar dul róghasta chun aghaidh a thabhairt ar Gníomh 7 de Straitéis Shábháilteachta Bóithre an Rialtais in 2022. Tar éis comhoibriú forleathan idir ghníomhaireachtaí á dhéanamh, mhol an tascfhórsa roinnt moltaí chun cur chuige na hÉireann maidir le comhlíonadh luais a fheabhsú san am amach romhainn.



### Beart #8

B'ionann an córas Cheamara Sábháilteachta Meánluas ar an M7 (Tiobraid Árann, Acomhail 26 agus 27 sa dá threo) agus an dara fheistiú den sórt sin atá ag feidhmiú faoi láthair sa Stát (i ndiaidh Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath).

Tá feithiclí a aithnítear ag tiomáint níos mó ná an teorainn luas 120 km/h (ar an phíosa sin den M7) anois faoi réir fineáil le fógra muirir seasta, agus trí phointe pionóis ina theannta sin.



### Beart #128

Chomhfhoinigh agus léirigh an RSA sraith teilifíse le RTÉ, ina ndearna Simon Delaney imscrúdú ar shaincheisteanna sábháilteachta bóthair agus gníomhaíochta aeráide agus é ag taisteal ar fud na hÉireann agus na hEorpa, ag sainathint athruithe a dtiocfadh ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte agus níos glaise.

## Beart #113

Soláthair an MBRS córas nua tástála drugaí feabhsaithe agus chuir siad ar fáil é a fhad is go raibh An Garda Síochána in ann é a chur i bhfeidhm ar fud an Stáit.

Is féidir le Securetec® Drugwipe 6s tástáil ar thaobh an bhóthair a dhéanamh le fáil amach an bhfuil raithneach, cócaon, beinsidhé-asaipíní, codlaidínigh, amfetamín nó meitiolamfataimín in úsáid ag an tiománaí.

Reáchtáil an RSA feachtas náisiúnta chun feachtas an phobail a chur chun cinn faoin athrú forfheidhmithe seo, agus é mar aidhm aige cásanna tiomána faoi dhruagaí a laghdú.



## Beart #30

Rinne an Roinn Iompair athbhreithniú ar phionóis as cionta tromchúiseacha tráchta, agus taighde RSA ann, lena n-áirítear athbhreithniú ar litríocht ar chleachtas idirnáisiúnta agus suirbhéanna domhain ar ábhar luasghéarú agus úsáid gutháin póca.

Ina dhiaidh sin, i mí Dheireadh Fómhair 2022, rinneadh fineálacha a bhain le 16 chion um shábháilteacht ar bhóithre a mhéadú faoi dhó, lena n-áirítear fineálacha as dul róghasta, úsáid gutháin póca, gan criosanna sábhála a chaitheamh, agus páistí gan srian a iompar i bhfeithicil.



## Beart #21

Cruthaigh agus chuir an RSA feachtais oideachais / feachta phoiblí i bhfeidhm a bhí dírithe ar na príomhfachtóirí cúis do bhásanna agus do ghortuithe tromchúiseacha, lena n-áirítear feachtais ar dhul róghasta (feachtas Míthuiscint Luais), criosanna sábháilteachta, tiomáint faoi thionchar an óil (feachtais 'Crashed Lives agus Morning After'), tiomáint faoi dhruagaí (feachtas na n-iarmhairtí) agus tuirse an tiománaí. Reáchtáil an RSA feachtais freisin a bhí dírithe ar shábháilteacht grúpaí ardriosca cosúil le sábháilteacht coisithe níos sine agus gluaisrothaithe a fheabhsú.

Rinne an RSA agus an Garda Síochána a gcuid imeachtaí agus feachtais a chomhtháthú go dlúth leis na pleananna forfheidhmithe, go háirithe le linn feachtais saoire bainc agus Laethanta Moilleadóireachta Náisiúnta.

## Beart #6

Meitheal a bhunú chun an creat maidir le teorainneacha luas a shocrú a scrúdú agus a athbhreithniú, chomh maith le breithniú sonracha a dhéanamh ar theorainn luas réamhshocraithe 30 km/u a thabhairt isteach i gceantair uirbeacha.

Rinneadh moltaí na meithle chuig an Bhord um Athrú Sábháilteachta Bóithre i mí Feabhra 2023 agus tá an Roinn Iompair ag smaoineamh ar moltaí le haghaidh athruithe sa todhchaí.







# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2022




# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2022

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 150 imbhualadh marfach, a raibh 156 bás ar bhóithre na hÉireann mar thoradh orthu. Is ionann sin agus 26 n-imbhualadh mharfacha níos mó agus 20 mbás níos mó (+15%) i gcomparáid le sonraí sealadacha An Garda Síochána don bhliain iomlán 2021\*.


## Básanna de réir na bliana, 2014–2022\*

Foinse: Bunachar Sonraí Imbhualtí ÚSB, Meitheamh 2023



\*Tá na figiúirí le haghaidh 2020–2022 sealadach agus faoi réir athraithe.

## Ár dTuras go Vision Zero




Tá na figiúirí le haghaidh 2021–2022 sealadach agus faoi réir athraithe.



## Básanna ar Bhóithre in aghaidh an Chontae

Tá na sonraí reatha amhail mí an Mheithimh 2023. Tá na sonraí sealadach agus faoi réir athraithe.



Tá na figiúirí le haghaidh 2022 sealadach agus faoi réir athraithe.

## Díobhálacha Tromchúiseacha

Foinse: Bunachar Sonraí Imbhualtí an RSA, Meitheamh 2023

In 2022, taifeadh **1,442** gortú tromchúiseach suas go dtí an 31 Nollaig 2022, i gcomparáid le 1,358 sa bhliain 2021.\*



\* Tá na figiúirí le haghaidh 2020–2022 sealadach agus faoi réir athraithe.

## Spríocanna









# Buaicphointí an Fhéilire 2022



Tá RSA i gceannas ar an fhoghlaim faoi ghortú tromchúiseach ag Léacht Acadúil



Seolann RSA éileamh Tiomáint faoi Thionchar an Óil le haghaidh Saoire Bainc Lá Fhéile Pádraig leis na Gardaí Síochána



Fógraíonn Bonneagar Iompair Éireann (TII) síneadh ar teorainneacha luas athraitheacha le feachtas tacaithe ag an RSA

Eanáir

Feabhra

Márta

Aibreán

Bealtaine

Meitheamh

Tháinig RSA os comhair Choiste Comhpháirteach an Oireachtais ar Iompar agus Cumarsáid

Seolann RSA cód cleachtais maidir le suíochán carr do pháistí



Reáchtálann RSA Feachtas Cásca ar Thiomáint faoi Thionchar an Óil



Seoladh an tÉileamh um Shábháilteacht ar Bhóithre do Lá Saoire Bainc an Mheithimh i nGaillimh







Seoladh Lá Saoire Baine mhí Lúnasa: Fógra maidir le fíneálacha a mhéadú faoi dhó i gcás cionta tráchta bóthair móra



Seolann RSA feachtas nua chun aird a tharraingt ar na hiarmhairtí a bhíonn ag dí-cháilitheacht tiomána ar dhaoine atá ag pleanáil clár víosa mac léinn J1



Tá RSA i gceannas ar Fheachtas Lá Domhanda na gCuimhneachán

Iúil	Lúnasa	Meán Fómhair	Deireadh Fómhair	Samhain	Nollaig
------	--------	--------------	------------------	---------	---------

Eagraíonn RSA Comhdháil mhór bhliantúil idirnáisiúnta *Dul i ngleic le Dul róghasta: Fachtóirí Riosca agus Idirghabhálacha*



Seirbhís nua tástála drugaí ar bhóithre a seoladh le comhpháirtithe ag an éileamh um Shábháilteacht Bhóithre Nollag agus na Blíana Nua



Comhoibríonn Féile Idirnáisiúnta Rose of Tralee le RSA chun Fís Nialas a chur chun cinn



Fógraítear Duaiseanna um Cheannródaíocht maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre de chuid RSA





# Buaicphointí Oibriúcháin

# Maidir leis an straitéis 2021 go 2030, sainaithníodh seacht réimse idirghabhála tosaíochta Córas Sábháilte.

Tá cur chuige Córas Sábháilte leabaithe ag an ÚSB agus iad ag tuairisciú ar ár mbuaicphointí oibriúcháin. Tá cúig réimse idirghabhála Córais Sábháilte a bhaineann go díreach le hoibríochtaí an ÚSB.

## Luasanna Sábháilte

Luasanna a laghdú go dtí leibhéal shábháilte oiriúnacha do na bóithre atá á n-úsáid agus do na húsáideoirí bóithre a úsáideann iad.



## Feithiclí Sábháilte

Gnéithe sábháilteachta agus ródacmhainneacht na bhfeithiclí ar ár mbóithre a fheabhsú.



## Úsáid Shábháilte Bóithre

Caighdeáin agus iompar úsáideoirí bóithre a fheabhsú ar aon dul le reachtaíocht tráchta, le tacaíocht ó fhorfheidhmiú.



## Modhanna Taistil Sábháilte agus Sláintiúla

Úsáideoirí bóithre atá ag gabháil d'iompar poiblí nó gníomhach a chur chun cinn agus a chosaint.



## Úsáid Shábháilte ar Bhóithre a Bhaineann leis an Obair

Bainistíocht sábháilteachta turas a bhaineann leis an obair a fheabhsú.





# Luasanna Sábháilte



## Comhdháil idirnáisiúnta RSA faoi dul i ngleic le dul róghasta

**Dhírigh an Comhdháil Bhliantúil sin ar Dul i ngleic le Dul róghasta: Fachtóirí Riosca agus Idirghabhálacha:**

Thit Comhdháil Bhliantúil an RSA amach i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ba é seo an chéad ócáid phearsanta bheo le trí bliana agus 182 rannpháirtí i láthair ann mar aon le 67 rannpháirtí fíorúil eile. D'éist na hoifigigh a bhí ag freastal ar an ócáid phearsanta agus fíorúil le saineolaithe sa bhaile lena n-áirítear an RSA, an TII, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte agus Feachtas Grá 30 na hÉireann.

Rinne saineolaithe idirnáisiúnta cur i láthair freisin lena n-áirítear Rod King MBE. Bhí ról ríthábhachtach ag Rod roimh phobail áitiúla sa

Ríocht Aontaithe a chumasú i dreo limistéir luais de 30 km/h a chur i bhfeidhm.

Labhair an Dr. Judy Fleiter, Bainisteoir Domhanda le Comhpháirtíocht Dhomhanda um Shábháilteacht Bóithre, faoi spreagthaí le haghaidh roghanna luas ar an bhóthar.

Phléigh Guro Ranes, Stiúrthóir ar Shábháilteacht Trádála Bóithre de chuid Riaracháin Bhóithre Phoiblí na hIorua, faoi chur chuige na hIorua maidir le dul i ngleic le dul róghasta, dírithe go háirithe ar dul róghasta de réir céimeanna.

Tá meastachán déanta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur féidir le laghdú luais de 5% ar mheán, laghdú de 30% a dhéanamh ar thimpistí marfach.

## Suirbhé Saorluais Náisiúnta

**Bailíodh sonraí mar chuid den tsuirbhé ag úsáid freagraí tráchta uathoibríocha sealadacha (ar bhóithre uirbeacha de 50 km/h) agus freagraí tráchta uathoibríocha seasta araon (freagraí TII ar bhóithre tuaithe de 100 km/h agus ar mhótarbhealaí de 120 km/h).**

Rinneadh an cleachtadh oibre réimse thar thréimhse naoi lá i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus tuairiscíodh torthaí an staidéir seo thar 2022 agus 2023.

Mar thoradh air sin, rinneadh beagnach 32,000 breathnóireacht ar raon cineálacha feithiclí atá ag tiomáint i gcoinníollacha tráchta atá ag sreabhadh go saor.

Fuarthas amach go raibh **77%** de thiománaithe tiomáinte níos mó ná an luasteorainn postála de 50 km/u.

Fuarthas amach go raibh 29% de thiománaithe tiomáinte níos mó ná an luasteorainn postála de 100 km/u.

Fuarthas amach go raibh **15% de thiománaithe tiomáinte níos mó ná an luasteorainn postála de 120 km/u.**

# Feithiclí Sábháilte

## Caighdeáin Feithiclí

**Forbraíonn foireann Chaighdeáin Feithiclí rialacha agus ár mbeartais náisiúnta maidir le caighdeáin fheithiclí agus tástáil theicniúil um inbhóthair. Tugaimid faisnéis theicniúil don tionscal agus don phobal.**

Leanaimid orainn ag lorg bealaí chun caighdeán feithiclí ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú trí chaighdeáin shábháilteachta nua a thabhairt isteach agus tábhacht sábháilteachta fheithiclí na hÉireann a chur chun cinn.

Ghlacann an fhoireann um Chaighdeáin Feithiclí ról an Údaráis Faireacháin an Mhargaidh Iompair ar bhord (an AMSA). Tá an fhaisnéis maidir le fógraí athghairm a bhaineann le sábháilteacht ar fheithiclí mótaí catagóirí M, N agus O (fheithiclí paisinéirí, feithiclí tráchtála agus leantóirí) ar fáil ag AMSA trí shuíomh gréasáin RSA.



San iomlán, próiseáladh 221 feachtas athghairme in 2022, rud a chuaigh i bhfeidhm ar 96,179 feithicil taobh istigh de mhargadh na hÉireann. s é an t-aisghairm aonair is mó a bhí ann ná 25,000 feithicil a raibh fadhb shlándála criticiúil ann a raibh tionchar aige ar mála aeir ag taobh an tiománaí. Cuid athghairm suntasach eile ná fadhbanna le fuaraitheoirí athshruthaite gáis ó sceithphíopaí lochtacha agus le caidéal fuaraithe.

Tugadh isteach Rialachán Ginearálta um Shábháilteacht Feithiclí nua i mí Iúil 2022 lena gceanglaítear go mbeidh feithiclí feistithe le córais cúnata tiománaí feabhsaithe. Cuirfidh an Rialachán seo cosaint níos fearr ar fáil do phaisinéirí, do choisithe agus do rothaithe. Rinneadh comhairliúchán leis an tionscal in 2023 mar ullmhúchán do nuashonruithe ar na rialacháin náisiúnta maidir le cineálacha a cheadú.

Rinne an fhoireann um Chaighdeáin Feithiclí nuashonrú ar rialacháin NCT chun tacú le cur isteach an chórais nua glaonna éigeandála Eorpacha (eCall) a d'fhéadfadh seirbhísí éigeandála a ghlaoch go huathoibríoch ar fheithicil agus suíomh an fheithicil i gceist a chur ar fáil dóibh.

Rinneadh feachtas feasachta chun na buntáistí a bhaineann leis na teicneolaíochtaí nua feithicil seo a chur chun cinn don phobal i gcoitinne. Rinneadh sé fhíseán bheochan ardchaighdeáin le guthú a chruthú agus a fhoilsiú ar YouTube; féach an nasc thíos:

<https://www.youtube.com/watch?v=aFgMODWrIxY>

## Forfheidhmiú

Ba í 2022 ina bliain eile inar bhain an fhoireann forfheidhmithe éacht suntasach amach. Bhí méadú 15% ar líon na cigireachtaí thaobh an bhóthair ar fhiigiúirí 2021. Ghlac muid páirt i ngníomhaíochtaí chun feasacht a mhúscailt faoi shábháilteacht bóthair amhail an clár 'On the Roads with Simon Delaney', lá feasachta ar leibhéal trasna, Seachtain Sábháilteachta Feirme, Lá Náisiúnta Sábháilteachta na mBonn, agus an líne-eachtra 2022 darb ainm Tiomáint le hAghaidh Oibre. Chuir muid san áireamh in Airteagal de chuid an *Irish Times* a leagann béim ar ár gcuid oibre go raibh locht ann i 35% de na Feithiclí Earraí Troma (HGVs) a bhí dírithe ar iniúchadh oifigigh ón RSA sa tréimhse idir mhí Eanáir agus mí na Samhna 2022, bunaithe ar rátáil riosca oibreoirí

Rinne muid infheistíocht fosta i bhfeabhsuithe ar an fhoireann trí oiliúint tachagraif a sholáthar i gcomhpháirtíocht leis na Gardaí Síochána mar aon le deiseanna le páirt a ghlacadh i malartuithe iltaobhacha agus i ngníomhaíochtaí cigireachta trasteorann.

Mar thoradh air sin, d'fhreastail pearsanra forfheidhmithe RSA ar imeachtaí arna réachtáil ag Bealach Rialaithe an Euro (an ECR) agus ag an Údarás Eorpach Saothair (ELA) sa Fhrainc, sa Spáinn agus sa Rómáin, agus bhí toscaireacht ó Georgia agus ón Laitvia ag an RSA in Éirinn chomh maith.

Bunaíodh Painéal Comhairleach um Oibreoirí Feithiclí Tráchtála fosta le hathbhreithniú a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh ar ábhair comhlíonta agus forfheidhmithe. Freastalaíonn comhghleacaithe ón Roinn Iompair, ó na Gardaí Síochána agus ionadaithe ó earnálacha iompair earraí agus iompair paisinéirí air. Leanfaidh muid ar aghaidh ag comhoibriú leis na páirtithe leasmhara seo go dtí 2023 agus níos faide anonn chun beartas a fhorbairt agus seiceálacha thaobh an bhóthair a dhéanamh d'fhonn feithiclí tráchtála agus tiománaithe a d'fhéadfadh a bheith neamhshábháilte a bhaint as ár mbóithre.



**1,837**

seicphointí forfheidhmithe



**4,765**

feithiclí ar braitheadh go bhfuil lochtanna móra orthu



**51%**

ráta comhlíonta



**3,439**

cigireachtaí áitribh

**Seiceáladh 20,497 feithicil**






## Déanaimid cigireachtaí ar thaobh an bhóthair agus ar áitribh

**araon.** Is cuid iad sin dár straitéis forfheidhmithe lena chinntiú go bhfuil oibreoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála ag leanúint na rialacha.


## Tástáil um Dheimhniú Inbhóthair Feithicle Tráchtála ( CVRT)

Is thástáil thaobh an bhóthair é an CVRT do gach feithicil tráchtála, gach bus a bhfuil níos mó ná ocht suíochán paisinéirí ann agus gach otharcharr atá níos sine ná bliain amháin d'aois.



## An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán

Is é atá san NCT ná seiceáil ar na bunriachtanais ag am na tástála. Déanann sé measúnú ar chomhpháirteanna atá infheicthe agus inrochtana araon. Ní chuireann sé in ionad nó ní éilíonn sé a bheith ina ionad do fhreagracht le cinntiú go bhfuil do charr in ann dul ar an bhóthar i gcónaí nó an cothabháil rialta a chaithfidh meicneoir a dhéanamh ar do charr ach an oiread. Ní mór lochtanna a aimsítear a dheisiú agus ní mór don charr tástáil a dhéanamh arís sula dtabharfar deimhniú NCT don úinéir.



## Na 5 locht súil is mó

Cineál	Iomlán
Boinn	<b>154,305</b>
Crochadh Tosaigh	<b>135,976</b>
líneáil/osáin coscáin	<b>86,470</b>
Nascáil Stiúrtha	<b>84,316</b>
Cabhalra	<b>75,516</b>

Rátáil suirbhé sástachta NCT

**85.53%**



# Úsáid Shábháilte Bóithre




## Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe

Tá an fhoireann um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe freagrach as an chóras tástála tiománaithe agus as an réimeas ceadúnaithe tiománaithe.

Is í obair na bhfoirne ná cinnte a dhéanamh go mbronntar ceadúnas ar thiománaithe ionas go mbeidh ár mbóithre sábháilte do gach úsáideoir.

		Iarratais a Fuarthas	Iomlán na dtástálacha a Tairgeadh	Pasráta
	Gluaisrothair	5,012	3,933	68%
	Gluaisteáin	194,999	160,080	50%
	C Feithiclí agus CPC	8,722	9,866	76%
	D Feithiclí agus CPC	2,853	3,798	79%
	Gluaisteán agus Leantóir	3,409	3,010	81%
	Tarracóir	21	5	60%
<b>Iomlán</b>		<b>215,016</b>	<b>180,692</b>	<b>53%</b>

### Tástálacha a thairgtear a chatagóiriú de réir toraidh




Déanta (torthaí pas agus teipe)

**162,478**




Níor tháinig (níor fhreastail an t-iarratasóir ar an gcoinne)

**4,131**



Ní dhearnadh é (fadhb maidir le doiciméad iarrthóra nó feithicil)

**9,257**



Tréigthe (m.sh. aimsir nó cliseadh feithicle le linn na tástála)

**4,826**




Iomlán na dtástálacha a tairgeadh

**180,692**







## Anailís Ráta Pas de réir Déimeagrafach



## Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT) tástálacha gluasteáin amháin



Ráta pas do thiománaithe nach bhfuil faoi réir EDT




Ráta pas do thiománaithe atá faoi réir EDT

Is é an ráta pas iomlán do gach déimeagrafaic ná

**53%**




## Na lochtanna is coitianta ag an tástáil (tástálacha gluasteáin amháin)\*



\* sa chás gur theip ar an iarrthóir ina dhiaidh sin nó gur tréigeadh an tástáil. Níor áiríodh ach lochtanna measartha (Grád 2) agus contúirteacha (Grád 3).

## Na cúiseanna ba mhinice nach ndearnadh tástálacha



## Tá an RSA freagrach as an tionscal teagaisc tiomána in Éirinn a rialú.

Soláthraíonn Teagascóirí Tiomána Faofa (ADIs) Oiliúint Riachtanach Tiománaithe (EDT) agus Bunoiúint Tosaigh (IBT) do thiománaithe atá ag foghlaim.



Amhail an 31 Nollaig 2022

ADIs i bhfeidhm in Éirinn

**2,295**

i gcomparáid le 1,793 in 2019.

Seisiúin EDT críochnaithe in 2022

**1,285,796**

Deimhnithe IBT eisithe

**6,517**

Ó tugadh isteach an EDT sa bhliain 2011, tá ADIanna i ndiaidh an méid seo a leanas a sheachadadh

**5.5 milliún**

Seisiúin EDT





## Cás-Staidéar

### Cás-Staidéar na hÚcráine

Shínigh an tAire Iompair Eamon Ryan ordú an 22 Aibreán 2022 go bhféadfadh Úcránaigh a bhfuil cónaí orthu go sealadach (faoin Treoir um Chosaint Sealadach) in Éirinn toisc go raibh siad ag teitheadh ón chogadh a gceadúnas tiomána Úcráinis a mhalartú le ceadúnas tiomána Éireannach. Tá an t-athrú seo deartha chun a dhéanamh níos éasca dóibh gluaiseacht agus rochtain a fháil ar obair, ar scoil nó ar sheirbhísí poiblí tábhachtacha eile. .Bhí an ceadúnas bailí ar feadh 12 mhí agus ní bhaineann sé ach le catagóir na ngluaisteán amháin.

Chuir an RSA faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir le tiomáint in Éirinn do thiománaithe de chuid na hÚcráine ar shuíomhanna gréasáin an RSA agus an NDLS i mBéarla, san Úcráinis agus sa Rúis. Bhí foireann RSA i láthair freisin i gcalafoirt farantóireachta chun faisnéis a sholáthar do dhídeanaithe de chuid na hÚcráine a tháinig ar charr, agus rinneadh socruithe chun faisnéis a sholáthar do dhídeanaithe atá sa tír cheana féin.

Rinne an NDLS, a bhí á fheidhmiú thar ceann an RSA, níos mó ná 2,000 ceadúnas tiomána Úcráinis a mhalartú le ceadúnais tiomána Éireannacha.

Tháinig Rialachán (AE) 2022/1280 ón Aontas Eorpach i bhfeidhm ansin an 27 Iúil 2022. Thug sé sin deis do Úcránaigh a bhfuil cónaí orthu in Éirinn faoin Treoir um Chosaint Shealadach tiomáint ar a gceadúnas náisiúnta tiomána reatha. Tá feidhm ag Rialachán an AE maidir le doiciméid tiománaí ag Úcránaigh arna ligean isteach san AE faoin Treoir um Chosaint Shealadach agus le haghaidh na tréimhse cosanta sealadaí amháin. Ní raibh gá leis an Ordú a síníodh an 22 Aibreán 2022 leis an Rialachán AE seo a thabhairt isteach agus cuireadh deireadh léi.

Bhí an RSA bródúil as an chlár thábhachtach seo a bhainistiú chun tacú le saoránaigh na hÚcráine leis an chreat iompair lárnach seo mar aon lena chinntiú go bhfaightear faisnéis do thiománaithe na hÚcráine maidir leis an dóigh bóithre na hÉireann a úsáid go sábháilte.



## Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla Thiománaithe (DIG Thiománaithe)



Is deimhniú ar inniúlacht ghairmiúil é CPC tiománaí do thiománaithe gairmiúla busanna agus trucailí. Leagann sé agus coinníonn sé caighdeán ard sábháilteachta agus tiomána i measc tiománaithe trucailí agus busanna.

Táimid freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh oiliúna do DIG Thiománaithe in Éirinn.



Ó forbraíodh an siollabas oiliúna CPC Tiománaithe ar dtús, tá athbhreithnithe rialta déanta ag an rannóg um Oideachas Tiománaithe ar na modúil aonair ar bhonn leanúnach. I gcomhréir le Gníomhaíocht 183 den Straitéis um Shábháilteacht Bhóithre, rinneadh suirbhé sa cheathrú ráithe de 2022, chun ábhair a shainaithint i gcodanna áirithe den phlean-scoile a bheadh oiriúnach le haghaidh foghlaim chomhcheangailte agus ar líne. Bhí an suirbhé dírithe ar aiseolas a fháil ó thiománaithe gairmiúla busanna agus trucailí, oiliúnaithe CPC agus ó na páirtithe leasmhara eile go léir atá páirteach sa tionscal iompair maidir leis an gclár oideachais reatha um Thiománaí CPC. Tá an t-athbhreithniú seo ar siúl faoi láthair agus leanfar leis i rith 2023.


## Ionaid oiliúna CPC Tiománaithe in aghaidh an chúige amhail an 31 Nollaig 2022



## Tástáil Teoirice Tiomána

Seiceálann an Tástáil Teoirice Tiomána do chuid eolais ar ábhair mar:

- Rialacha an Bhóthair
- Tuiscint ar Rioscaí
- Éicea-thiomáint
- Feasacht guaise
- Iompar tiomána sábháilte



Tá an tástáil bunaithe ar ríomhaire agus tá sé deartha le bheith simplí agus iomasach le húsáid.



Líon na  
dTástálacha a  
Sceidealadh

**210,743**



Líon na  
dtástálacha a  
sheachadadh

**175,759**



Líon  
tástálacha ina  
bhfuarthas pas

**120,222**

## Caighdeán Tiomána na Seirbhísí Éigeandála

Is caighdeán tiomána é Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála do thiománaithe seirbhísí éigeandála. Is é is aidhm leis an Chaighdeán Tiomána Seirbhísí seo ná spiorad na comhoibre, an chúraim agus na cúirtéise a chothú i dtiománaithe seirbhísí éigeandála. Ba chóir go mbeadh sé d'aidhm ag tiománaithe Seirbhísí Éigeandála caighdeán tiomána den scoth a bhaint amach atá ina eiseamláir d'úsáideoirí eile bóithre.



Tá an tionscnamh um Chaighdeán tiomána seirbhísí éigeandála ag leanúint de fhorbairt agus de chothabháil an chaighdeáin ghairmiúla seo do thiománaithe feithiclí seirbhísí éigeandála, ag baint úsáide as an dea-chleachtas i gcónaí.

Líon na  
dteastas arna  
eisiúint

**1,269**

(tiománaí, traenálaí,  
rochtainóir agus  
eagraíocht)

Líon na dteastas  
tiomána arna  
eisiúint

**1,051**



## An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána (NDLS)


Tá an RSA freagrach as ceadúnas tiomána a dheonú agus bainistíonn an NDLS iarratais ar cheadúnas agus athnuachan.



### Ceadúnais tiomána agus ceadanna foghlaimeora eisithe in 2021

Cineál	Iomlán
Athnuachan ceadúnais tiomána	576,836
Athnuachan ceada tiománaí faoi oiliúint	123,290
Ceadúnas foghlaimeora céaduaire	107,531
Ceadúnas tiomána céaduaire (gan malartuithe san áireamh)	71,650
Athsholáthar ceadúnais tiomána	44,026
Malairtí eachtracha	20,175
Athsholáthar ceada tiománaí faoi oiliúint	13,924
<b>Líon na gceadanna/ na gceadúnas arna eisiúint</b>	<b>957,432</b>

### Cainéil iarratais 2021




### Barr 5 Tíortha Malairte

	An Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann	25%
	An Úcráin	11%
	An Afraic Theas	9%
	An Pholainn	7%
	An Rómáin	6%

## Oideachas

### Seirbhís Náisiúnta Oideachas Um Shábháilteacht Ar Bhóithre\*

Mar chuid de thiomantas RSA sábháilteacht bóithre a thabhairt do gach pobal, reáchtálann muid Seirbhís Oideachais um Shábháilteacht Bóithre ar fud na tíre.




Tugann baill foirne cuairt ar láithreacha agus cuireann siad clár éifeachtacha i láthair a théann i ngleic le gach gné de shábháilteacht ar bhóithre lena n-áirítear:

- siúl
- rothaíocht
- taisteal le hiompar poiblí
- bhith mar phaisinéir
- ceisteanna iompair uirbeacha agus tuaithe
- ag cleachtadh iompar bóithre sábháilte



### ‘Check it Fits’\*

‘Check it Fits’ – seirbhís shaor seiceála criosanna sábhála do pháistí de chuid an RSA Tá sé mar aidhm aige a chinntiú do thuismitheoirí, do sheantuismitheoirí agus do chaomhnóirí go bhfuil a gcuid páistí ag taisteal go sábháilte ina suíochán carr leanaí agus go bhfuil an suíochán féin suite go daingean sa charr. Tá an tseirbhís seo anois ar fáil fud fad na tíre.



\* a chuaigh ar ais ar an bhóthar i mí na Bealtaine 2022 (tairiscintí iargúlta le linn srianta COVID-19)

## ‘An Tointeálaí’

Tugann ‘Tointeálaithe’ den Aonad Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre eispéiris oideachais iomlána idirghníomhacha ar fáil maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus úsáid á baint as cásanna fíorúla insamhlaithe inár bhfaighneoga réaltachta fíorúla.

Líon na  
gcuairteoirí

**32,943**

Líon na  
nimeachtaí

**87**



## ‘StreetSmart’ (Bí Cliste Ar An Tsráid)\*

Tá ‘StreetSmart’ dírithe ar shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt chun beatha ar bhealach spraiúil do pháistí óga. Agus úsáid á baint as mata agus frapaí sráid-dreacha bréagach, tugadh cuireadh do pháistí tascanna laethúla um shábháilteacht ar bhóithre a dhéanamh

Líon na  
rannpháirtithe

**5,556**

Líon na  
scoileanna inar  
tugadh cuairt  
orthu

**28**



\* a chuaigh ar ais ar an bhóthar i mí na Bealtaine 2022 (tairiscintí iargúlta le linn srianta COVID-19)





**394,350**

ábhair ard-amhairc  
arna ndáileadh (idir  
orduithe ar líne agus  
feachtais)

### Sábháilteachta Ar Bhóithre

Tharla an 18ú Comórtas Bliantúil de Sheirbhísigh Criosanna Síochána an Údaráis Slándála Bóithre i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus ghlac 250 páiste scoile den chéad agus den dara rang páirt agus iad ag teacht ó chontae na Mí, Laois, Corcaigh, Luimneach, Muineachán, Port Láirge, an Lú agus Ceatharlach, leis na buaiteoirí a cheiliúradh, agus bhí sé ar cheann de na himeachtaí sábháilteachta bóithre is beoga is bríomhaire le linn 2022.



### Seoladh An Chairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre (ERSC)

Is é an RSA an Athsheachadán Náisiúnta don Chairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre (ERSC) in Éirinn, ról a chuimsíonn cur chun cinn an ERSC agus méadú ar bhallraíocht agus ar thiomantais ar an leibhéal náisiúnta. Ag ócáid seolta a bhí ar siúl i dTeach na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair 2022, d'eisigh an RSA glao ar dhaoine aonair agus eagraíochtaí le síniú suas don Chairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre (ERSC).

## Feachtais um Shábháilteacht ar Bhóithre

### Cás-Staidéar

#### Feachtas Míthuiscint an Luais

**I mí Mheán Fómhair 2022, sheol muid feachtas nua a léirigh do thiománaithe go bhfuil an t-am a shábháiltear nuair a téitear thar an teorainn luas 10 km/h íosta agus nach fiú a gceadúnas a chailleadh nó a saol a chur i mbaol.**

Nuair a dtéitear ar luas 90 km/u in áit 80 km/u, níl difear ach aon bhomaite, ocht soicind i gceist. Léirigh an feachtas seo do thiománaithe nuair a thiomnaíonn siad 10 km/u thar an teorainn luas níl siad ach ag sábháil soicindí agus ní fiú a gceadúnas a chailleadh nó níos measa. D'fhreastail sé fosta ar na hiarmhairtí a bhaineann le dul róghasta, a cheadúnas a chailleadh nó i bhfad níos measa.

D'iarr muid ar thiománaithe dul níos moille agus chuir muid an cheist orthu, an fiú an riosca é trí phointe pionóis, fíneáil, do cheadúnas a chailleadh agus b'fhéidir níos measa ar feadh sábháil ama beag amháin?

Chuir an feachtas tús le meáin raidió, digiteacha agus taobh amuigh den bhaile.

Bhí torthaí rialuithe taighde ón chéad ráige gníomhaíochta den fheachtas maith, agus tá 37% de thiománaithe ar an eolas faoin Fheachtas um Míthuiscint Luais.



#### Feachtas um Thiománaithe Dícháilithe

**I mí Mheán Fómhair 2022, sheol muid feachtas nua le cuidiú lenár lucht féachana tuiscint a dhéanamh ar cad atá ina mbaol má thiomáineann siad tar éis dóibh alcól nó drugaí a ghlacadh.**

Is feachtas comhpháirteach é feachtas na meán sóisialta J1 idir RSA, USIT agus An Garda Síochána chun aird a tharraingt ar na hiarmhairtí a bhaineann le cion a fháil ar thiomáint faoi alcól a ól nó drugaí a ghlacadh.

Is é sprioc an fheachtais nua seo ná cuidiú lenár lucht féachana tuiscint a dhéanamh ar cad atá ina mbaol má thiomáineann siad tar éis dóibh alcól nó drugaí a ghlacadh. Don fheachtas seo, chuir muid píosa scannánaíochta taobh le taobh de dhuine Éireannach atá fágtha sa bhaile

in aice le chéile le pictiúr a chairde, atá ag dul ar an eachtra na beatha s'acu sna Stáit Aontaithe. Seoladh an feachtas ar na meáin shóisialta, agus léiríonn torthaí rianaithe taighde againn go bhfuil 18% den spriocghrúpa spreagúil ar an eolas faoi ghníomhaíocht ar líne a sheoladh le haghaidh Feachtas J1 um Thiomáint Faoi Thionchar an Óil.





## Cás-Staidéar



### Comhoibriú idir an RSA agus TII

**Tosaíodh teorainneacha luas athraitheacha ar an M50 an 4 Deireadh Fómhair 2021, ag tosú ag Acomhal 4 Bhaile Munna.**

D'fhógair an TII go gcuirfear teorainneacha luas athraitheacha, a tugadh isteach den chéad uair ar an M50 i mí Dheireadh Fómhair 2021, le chéile ó Acomhal 4 Bhaile Munna go hAcomhal 9 na Bó Deirge ón Déardaoin, an 12 Bealtaine 2022.

Chuir TII agus an RS feachtas feasachta poiblí ar bun chun tiománaithe a chur ar an eolas faoi na comharthaí digiteacha nua ar an M50, nuair a bheas siad le cur ar siúl, agus a thábhachtaí atá sé na comharthaí a leanúint chun an M50 a choinneáil slán

Chuireann na comharthaí digiteacha seo le sábháilteacht úsáideoirí bóithre, freagróirí éigeandála agus oibrithe bóithre leochaileacha.

Tá feidhmiú céimneach na dteorainneacha luais athraitheacha ar an M50 mar chuid de chlár feabhsaithe Seirbhísí Oibriúcháin Mótárbhealaigh (eMOS) de chuid TII.

Trí theicneolaíocht na gcóras cliste iompair (ITS) a chur i bhfeidhm, cuirfidh eMOS ar chumas oibreoirí mótárbhealaí an trácht a mhoilliú mar fhreagra ar thráthnóna, oibreacha bóthair, droch-choinníollacha aimsire agus plódú tráchta. Cuirfidh sé feabhas fosta ar na cosaintí do fhreagróirí éigeandálaí a dhéileáil le himeachtaí ar an M50 agus coinneoidh sé úsáideoirí na bóithre níos fearr ar an eolas faoi eachtraí rompu agus na cén dóigh a d'fhéadfadh siad sin difear a dhéanamh dá dturas.

Déanann sé sábháilteacht bóithre a bharrfeabhsú, éifeachtúlacht an bhóthair a neartú mar aon le hiontaofacht amanna turais a shonrú trí líon na stadanna agus na dtosaithe a tharlaíonn ar an M50 a laghdú chomh maith leis an ghá do thiománaithe a goscán a úsáid go tobann mar fhreagra ar thrácht a bhfuil ina stad.

Tá an clár eMOS á cur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe chun am a thabhairt d'úsáideoirí bóthair iad féin a chur in aithne ar na comharthaí nua agus a n-iompar tiomána a choigeartú dá réir roimh na teorainneacha luas rialála a thabhairt isteach. Tá muid ag súil go gcuirfear an córas i bhfeidhm go hiomlán ar an M50 i rith 2023.



## Feachtas Shaoire Bhainc Mhí an Mheithimh

Ag seoladh an Éilimh um Shábháilteacht Bhóithre agus an Lá Náisiúnta na Moilleadóireachta ag OÉ Gaillimh, d'iarr an RSA agus An Garda Síochána ar thiománaithe dul níos moille agus luas a roghnú i gcónaí atá oiriúnach do na coinníollacha tiomána. Bhí lá náisiúnta na Moilleadóireachta, ar siúl ar feadh tréimhse 24 uair ó 7.00 am Déardaoin, an 2 Meitheamh, go 7.00 am Dé hAoine, an 3 Meitheamh.



## Feachtas Shaoire Bhainc Mhí Lúnasa

I mí Iúil 2022, chuir an tAire Stáit sa Roinn Iompair, Ms Hildegard Naughton, rialacháin i bhfeidhm a mhéadaigh na táillí seasta a bhaineann le príomhchionta sábháilteachta bóithre faoi dhó, lena n-áirítear luas, úsáid gutháin agus gan crios sábháilteachta a chaitheamh. Rinneadh an fógra ag Éileamh Sábháilteacht Bóithre Lár an tSamhraidh de chuid an RSA agus na Gardaí Síochána, agus iarradh ar úsáideoirí an bhóthar na bóithre a roinnt go sábháilte agus ar thiománaithe dul níos moille agus an samhradh faoi lánseol.

Bhí an t-éileamh ar shíúil in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i Leitir Ceannainn, Tír Chonaill, agus iarradh ar úsáideoirí na bóithre a mheabhrú gur chóir dóibh a bheith ag súil le méadú ar líon na dtrácht ní amháin le linn na laethanta saoire bainc i mí Lúnasa ach i rith mhí Lúnasa, mar bheadh turasóirí agus daoine dul ar shaoire in ann na bóithre a phlódú le linn tréimhse thar a bheith ardriosca.



## Éileamh um Shábháilteacht Bhóithre na Nollag agus Seoladh Córas Nua um Thástáil Drugaí Ar Thaobh an Bhóthair

I mí na Nollag 2022, sheol muid an córas nua tástála drugaí ar thaobh an bhóthair a tháinig le chéile leis an Éileamh Bliantúil um Shábháilteacht Bhóithre Nollag, atá deartha chun feasacht a chothú i measc tiománaithe, go háirithe tiománaithe óga fireannacha, maidir le tionchar tiomána faoi thionchar an alcóil agus na drugaí. Ba é an príomhchuspóir a bhí ann ná líon na ndaoine a thiomnaíonn agus iad faoi thionchar alcóil nó drugaí neamhdhleathacha a laghdú agus básanna agus gortaithe tromchúiseacha ar na bóithre a laghdú le linn tréimhse saoire na Nollag agus na Bliana Nua, agus fiú níos faide i ndiaidh.

Ós rud é go raibh Corcaigh ar cheann de na contaetha is mó ó thaobh básanna ar na bóithre de in 2022, cinneadh go mbeadh feachtas rannpháirtíochta cumarsáide ard-iompraíochta a seoladh ag Coláiste na hOllscoile i gCorcaigh le díriú isteach ar an spriocluacht féachana.

Is féidir leis an chóras nua tástála drugaí ar thaobh an bhóthair (atá cosúil go leor leis an tástáil antaigine COVID-19) tástáil a dhéanamh ar raitheach, cócaon, beinsidhé-asaipíní,

codlaidínigh mar aon le hamfetamín agus meitiolamfataimín (dhá rud atá nua ar an liosta de dhrugaí so-bhraite), ar thaobh na bóithre.

Bhí baint ag an ócáid le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, seoladh na meáin agus cruinniú faisnéise a lig dúinn teachtaireacht sábháilteachta bóithre a chur chun cinn don phobal i gcoitinne i gcontae ardriosca agus caidrimh nua a thógáil le príomhpháirtithe leasmhara sa cheantar chomh maith.

Bhí beirt mholtóirí um shábháilteacht ar bhóithre, Lauren Burke agus Elaine Cleary, a chaill a dtuismitheoirí thar thréimhse na Nollag 2021, lárnach sna cruinnithe leis na meáin san fheachtas seo agus bhí siad ríthábhachtach maidir le teagmháil a dhéanamh lenár lucht éisteachta ar bhealach fhiúntach agus tochtmhar.

Clúdaíodh seoladh na Nollag agus na hAthbhliana go forleathan ar fud na meáin cló, craolta agus ar líne agus bhí 13,480,412 amharc ann san iomlán. Ar na meáin shóisialta, bhí 27,695,648 léiriú agus 147,527 rannpháirtíocht ann.

Tá an feachtas ainmnithe mar an Feachtas Faisnéise Poiblí is Fearr ag na Duaiseanna le haghaidh Feabhais i gCaidreamh Poiblí in Éirinn.



# Modhanna Taistil Sábháilte agus Sláintiúla



## Oiliúint um Shábháilteacht Rothaíochta

In 2022, chríochnaigh 15,017 leanbh bunscoile oiliúint ar Rothaíocht mar is Ceart. Is ionann Rothaíocht mar is Ceart agus an caighdeán náisiúnta d'oiliúint rothaíochta. Tá sé faoi stiúir ag Rothaíocht Éireann. In 2022, ghlac beagnach 30,000 rannpháirtí páirt sa chlár 'Rothaíocht Mar is Ceart', ina dtugann an RSA tacaíocht shuntasach ann, ar fud bunscoileanna príomhshrutha, scoileanna speisialta agus grúpaí 'rothaíochta faoi mhíchumas'.



**15,017**

daltaí bunscoile  
páirteach i Cycle  
Right



**30,000**

Rannpháirtithe sa  
Chlár 'Rothaíocht  
mar is Ceart', 2022





# Úsáid Shábháilte ar Bhóithre a Bhaineann leis an Obair



## Suíomh gréasáin Tiomáint le haghaidh Oibre

Is comhoibriú idir an RSA, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus An Garda Síochána é an suíomh gréasáin Tiomáint le haghaidh Oibre. Is acmhainn ar líne é d'fhostóirí chun cabhrú leo polasaithe tiomáint chun oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina n-ionad oibre.

Thit Seimineár Gréasáin darb ainm 'Tiomáint le haghaidh Oibre' amach do Feithiclí Tráchtála Éadrom De Máirt, an 8 Samhain 2022. Bhí 273 amharc iomlán ar an tseimineár gréasáin.




- Is é **6,204** líon na n-amharc ar na leathanaigh uathúla le linn na tréimhse
- **35%** d'amharc ar leathanaigh do leathanach baile
- **15%** de na hamharc ar leathanaigh don leathanach acmhainní Fostóra
- **12%** de na hamhairc leathanaigh le haghaidh Imeachtaí agus Seimineáir
- **923** íoslódáil comhaid
- **9.29** seisiún in aghaidh an úsáideora
- Ó Bhaile Átha Cliath formhór na n-úsáideoirí

## Forfheidhmiú Uaireanta Tiománaithe



## Poiblí







# Barr Feabhais Oibríochtúil

## Plean Corparáideach

Tá cúig phríomhthéama ag ár bplean corparáideach nua agus tacaíonn ár n-uailmhian do gach ceann acu le Straitéis an rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre.

5

Théama

	<b>1 Taithí an chustaiméara</b>
	<b>2 Tacú le daoine chun athrú a spreagadh</b>
	<b>3 Nuálaíocht i ngach rud a dhéanaimid</b>
	<b>4 Dearsnaitheacht eagraíochtúil</b>
	<b>5 Comhpháirtíocht agus comhoibriú</b>

## Clár Feabhais Oibriúcháin

Is é ceann de na príomhspríocanna atá i bPlean Corparáideach 2022-2025 ná éifeachtacht agus éifeachtúlacht na heagraíochta a uasmhéadú agus acmhainní agus cumas a shaoradh chun oibriú ar ghníomhaíochtaí straitéiseacha a chuireann luach leis.

In 2022, lean an fhoireann um Fheabhas Oibríochta ag tacú le réimsí gnó aonair, ag cuidiú leo feabhsú ar phróisis ghnó a aithint, a dhoiciméadú agus a rianú, deiseanna a aithint chun digitiú, rud a fhágann go mbíonn taithí níos fearr ag custaiméirí agus costais oibríochta á laghdú.

### Feidhmíocht Cláir 2022



Arna thacú le **236** Deiseanna Sármhaitheasa Oibriúcháin a aithint



Arna thacú le **126** Tionscnaimh Sármhaitheasa Oibriúcháin a sheachadadh



Arna shábháil **740** láfud fad na heagraíochta

Arna thacú leis an **aistriú maidir le tiománaithe de chuid na hÚcráine go dtí cáilíocht CPC an AE** trí réiteach a fhorbairt a fhad is go raibh na tiománaithe sin in ann iarratas ar líne a dhéanamh do chárta tiomána CPC.



Uathoibriú a dhéanamh ar an phróiseas chun cáilíocht sonraí a sheiceáil ar thaifid um Oiliúint Riachtanach Tiománaithe chun iarracht láimhe a laghdú le taifid a nuashonrú agus le leibhéal níos airde féinseirbhíse do chustaiméirí a chumasú. Mar thoradh ar an tionscnamh seo **laghdaíodh 42% de cheisteanna** ó chustaiméirí a raibh deacrachtaí acu rochtain a fháil ar an tairseach.



**Seirbhísí bainistíochta ceisteanna barrfheabhsaithe** – tugadh isteach lárionad tacaíochta custaiméirí ar líne ar ár suíomh Gréasáin RSA.ie chun cur ar chumas custaiméirí rochtain a fháil ar fhaisnéis nuashonraithe, atá ar fáil gach uair i rith na seachtaine, i ndáil leis na ceisteanna is minice a chuirtear agus rochtain a thabhairt ar fhoirmeacha gréasáin atá deartha chun iarratais a chur isteach i ndáil le cineálacha ceisteanna níos casta. Tacaigh an tionscnamh seo le laghdú foriomlán ar mhéid na gceisteanna rialta.



Arna thugadheolas agus roghanna féinseirbhíse do chustaiméirí an scrúdaithe tiomána ós rud é go raibh siad in ann a n-am feithimh measta a sheiceáil chun iarratas a fháil lena gcuid scrúdú tiomána a chur in áirithe.



## Ionad Cúram Custaiméirí

In 2022, lean ár nIonad Cúraim do Chustaiméirí ag tacú lenár gcustaiméirí trí rochtain a sholáthar ar sheirbhísí bainistíochta fiosrúcháin ardchaighdeáin, tráthúla agus gasta de réir na ngealltanais a leagtar amach inár bPlean Corparáideach agus inár gCairt Chustaiméirí.



**Bhí 149,000 ceist againn agus d'fhreagair muid 94,000 glao agus 55,000 ríomhphost custaiméara.** Leanamar ar aghaidh ag feabhsú ár bpróisis, rud a laghdaigh go mór amanna feithimh do chustaiméirí agus ráta glaonna diúltaithe s'againn thar an tréimhse.

D'oibrigh muid i gcomhar le gach réimse den eagraíocht chun infhaighteacht roghanna féinseirbhíse fiosrúcháin a mhéadú agus ábhar agus teachtaireachtaí do chustaiméirí ar ár suíomh Gréasáin ([www.rsa.ie](http://www.rsa.ie)) agus ar an tairseach do chustaiméirí MyRoadSafety a fheabhsú. Mar thoradh air sin, laghdaíodh méid na dtuairimí rialta de 15%, neamh-chasta a fuarthas isteach sa CCC agus bhí rátáil sásamh custaiméirí **de 84%ann, rud a chiallaíonn go raibh méadú de 4% ar leibhéal sásamh ón bhliain 2021.**



**149,000**  
ceisteanna

**94,000**  
glaonna

agus freagraíodh ar  
**55,000**  
ríomhphost

## Cás-Staidéar

### Lárionad Tacaíochta do Chustaiméirí Ar Líne

Mar chuid dár dtiomantas leanúnach chun roghanna seirbhíse do chustaiméirí a mhéadú agus éifeachtúlachtaí oibríochtúla a ghiniúint, d'fhorbair muid Lárionad Tacaíochta do Chustaiméirí ar líne ar ár suíomh gréasáin [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie). Cuireann an tIonad Tacaíochta rochtain ar fáil do chustaiméirí 24/7 ar fhaisnéis maidir le ceisteanna a chuirtear go minic (FAQanna) agus atreoraíonn sé chuig ábhar ar líne chun leibhéal níos airde féinseirbhíse do chustaiméirí a chumasú. Cuirtear an t-ábhar i láthair ar bhealach réasúnta agus atá éasca le húsáid, rud a chinntíonn gur féidir le custaiméirí a gcuid ceisteanna a réiteach ar bhealach éifeachtach.

Le haghaidh ceisteanna níos casta, tá foirmeacha gréasáin saincheaptha forbartha againn chun cainéil teagmhála ríomhphost traidisiúnta a chur in ionad. Cuireann na foirmeacha gréasáin nua taithí níos fearr ar fáil do chustaiméirí agus tacaíonn siad le rátaí réitigh iarratais den chéad uair a mhéadú. Ina theannta sin, cuireann na foirmeacha gréasáin le héifeachtúlacht níos mó, ag comhtháthú lenár gcórais bainistíochta

fiosrúcháin, le cinntiú go ndéantar fiosrúcháin a dhíriú chuig an limistéar ábhartha chun athbhreithniú agus freagra a thabhairt orthu.

Faoi dheireadh, laghdaíonn na foirmeacha gréasáin ionfhabhtuithe turscair agus dramhphost, ag cruthú cumas do sheirbhísí bainistíochta ceisteach díriú ar iarratais tosaíochta agus feabhas a chur ar fheidhmíocht na seirbhísí bainistíochta ceisteach.

Ó tugadh an Lárionad Tacaíochta do Chustaiméirí ar Líne isteach, tá méadú tagtha ar rannpháirtíocht chustaiméirí, le níos mó ná 30,000 custaiméir ag tabhairt cuairte ar an ionad gach ráithe. Tá méadú feicthe againn freisin ar leibhéal féinseirbhíse custaiméirí, le laghdú **15% ar líon na bhfiosrúcháin i rith 2022**, in ainneoin éileamh méadaithe ó chustaiméirí ar sheirbhísí RSA sa tréimhse chéanna.







# Dul Chun Cinn Beartais s'againn

arna stiúradh ag taighde agus fianaise

## Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre: Grúpa Cumasaithe Reachtaíochta

Bunaíodh an Grúpa Cumasaithe Reachtaíochta in 2022 chun tacú le cur i gcrích Straitéis Sábháilteachta Bóithre an Rialtais 2021–2030 agus tionóladh a chéad chruinniú i Meán Fómhair 2022. Tá sé de chúram ar an ghrúpa comhaontú a dhéanamh ar chlár reachtach tras-eagraíochta chun an reachtaíocht agus rialachán is gá a thabhairt isteach leis na gníomhaíochtaí faoin straitéis a bhaint amach.

Tháinig an grúpa le chéile trí huair le linn an ráithe deireanach 2022. Chomh maith in 2022, rinneadh roinnt Ionstraim Reachtúil (Slanna) i gcomhairle leis an RSA, thar raon feidhmeanna de chuid an RSA. Rinneadh dul chun cinn suntasach fosta maidir le comhaontú beartais agus tús a chur le dréachtú na Slanna atá ar an chlár rialála do 2023.

## Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre: Uasdátú ar Pholasaithe

### Beart 7

Bunaíodh Tascfhórsa ar dul róghasta chun aghaidh a thabhairt ar Ghníomh 7 de Straitéis Shábháilteachta Bóithre an Rialtais in 2022. Tar éis comhoibriú forleathan idir ghníomhaireachtaí á dhéanamh, mhol an tascfhórsa sraith moltaí chun cur chuige na hÉireann maidir le comhlíonadh luais a fheabhsú.

### Beart 23

Bunaíodh meitheal chun dul i ngleic le beart 23 maidir le hanáileadán alcóil pearsanta in 2022. I measc phríomhghníomhaíochtaí na meithle seo bhí roinnt suntasach faisnéise idir baill agus rannpháirtíocht le saineolaí idirnáisiúnta sa réimse seo. Tá tacaíocht shuntasach i measc chomhaltaí na meithle maidir le clár faoi anáileadán alcóil pearsanta agus athshlánú a chur i bhfeidhm in Éirinn, agus tá na moltaí sonracha i ndáil leis sin le críochnú in 2023.

### Díobhálacha Tromchúiseacha

Cuireadh tús le comhoibriú ar seo idir RSA, HSE agus Coláiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath in 2022. Bunaíodh an comhoibriú seo ionas go bhféadfadh Éire tuairisciú a dhéanamh ar ghortú tromchúiseach ag baint úsáide as sainmhíniú leighis de réir sainordú an Choimisiúin Eorpach. Tríd an obair seo, tá an RSA in ann rochtain a fháil ar shonraí otharlainne don chéad uair ó 2016. Beidh aschuir an tionscadail luachmhar seo mar bhonn eolais do bheartas náisiúnta chun gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre na hÉireann a laghdú ó 2023 ar aghaidh.

## Phríomhtháscaire Feidhmíochta Sábháilteachta (SPlanna)

Baineadh úsáid as Táscairí Feidhmíochta Sábháilteachta (SPlanna) chun athbhreithniú a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar dhul chun cinn na hÉireann maidir le dul i ngleic le daoine a maraíodh nó a bhí gortaithe go tromchúiseach (KSlanna) den chéad uair in 2022. Cinntíonn úsáid na SPlanna go bhfuil muid ag teacht le moltaí ón Choimisiún Eorpach agus gur féidir linn beartais agus idirghabhálacha sábháilteachta bóthair níos dírithe a chur i bhfeidhm.

## Méadú ar Fhíneálacha

Rinne an RSA achoimre ar thorthaí na trí staidéir taighde a bhaineann le pionóis agus roinneadh iad sin leis an Roinn Iompair chun eolas a thabhairt ar bheartas. Ba é ceann de na príomhthorthaí a tháinig chun cinn ná go raibh claonadh ann go raibh fíneálacha in Éirinn le haghaidh roinnt cionta tráchta bóthair níos ísle ná iad siúd atá i bhfeidhm i dtíortha eile a bhfuil dea-chleachtas acu (m.sh., an Iorua). Mar gheall ar sin, chinn an Roinn Iompair na fíneálacha atá i bhfeidhm le haghaidh 16 gcion tráchta bóithre in Éirinn a mhéadú faoi dhó i mí Dheireadh Fómhair 2022.

## Athbhreithniú Riosca na bhFear

Thug an Dr. Kiran Sarma agus an Dr. Colm Doody (Ollscoil na Gaillimhe) faoi athbhreithniú litríochta don RSA ar fhachtóirí riosca tiománaithe fireanna le haghaidh rannpháirtíochta in imbhuailtí tráchta bóthair. Chuir torthaí an staidéir seo bonn láidir fianaise agus moltaí ar fáil don RSA chun aghaidh a thabhairt ar bhásanna tiománaithe fireanna mar aon le gortaigh tromchúiseacha fireanna ar bhóithre na hÉireann agus pleananna le sin a laghdú.

## An Bille um Bhóithre agus um Thrácht ar Bhóithre

Chuir an RSA go mór leis an Bille um Bhóithre agus um Thrácht ar Bhóithre, atá le hachtú anois in 2023. Chabhraigh an fhoireann dlí, in éineacht le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, le dréachtú na bpríomhfhorálacha, agus le forbairt beartais i bpríomhréimsí.

## Imeachtaí Beartais Léacht Acadúil

Reáchtáladh Léacht Acadúil Bhliantúil an ÚSB ar an 27 Eanáir 2022.

Bhí sé seo ina ócáid fhíorúil le hardleibhéil freastal: 182 duine logáilte isteach lena n-áirítear saineolaithe sábháilteachta bóithre náisiúnta agus idirnáisiúnta, príomhpháirtithe leasmhara agus bail de mheáin na hÉireann.

Ba é téama na hócáide ná ‘Díobhálacha Tromchúiseacha’ agus bhí trí chur i láthair ann:

- Ms Velma Burns, Bainisteoir Taighde an RSA, ar ‘Comhthéacs in Éirinn: Forbhreathnú ar Ghortuithe Tromchúiseacha 2017-2020’.
- An Dr Letty Aarts, Ceann Roinne ar an Institiúid SWOV um Thaighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre san Ísiltír, ar ‘Gortuithe Tromchúiseacha ó Pheirspictíocht Idirnáisiúnta’.
- An tOllamh Áine Carroll, Ollamh um Chomhtháthú agus Feabhsú Cúram Sláinte, UCD, agus Comhairleoir Leighis Athchóirithe, Ospidéal Náisiúnta Athchóirithe, ar Straitéis um Shábháilteacht Bhóithre in Éirinn a chur i bhfeidhm: Léargas maidir le Gortú Tromchúiseach agus Athshlánú’.

## Foilseacháin Taighde in 2022

I measc na bpríomhfhoilseachán taighde ó 2022 ar aghaidh bhí tuairiscí próifíle imbhuailte ar HGVanna agus Feithiclí Tráchtála Éadrom (LCVanna). Cuireadh an tuarascáil ar phróifíl buailte na LCVanna i láthair níos déanaí ag Seimineár ‘Tiomáint le haghaidh Oibre’ 2022.

Foilsíodh anailís treochta cúig bliana ar bhásanna agus ar ghortuithe tromchúiseacha (2017–2021) i 2022, agus foilsíodh tuairisc spotsolais do ghluaisrothaithe chomh maith. Dhírigh sé seo ar bhásanna gluaisrothaithe agus gortuithe tromchúiseacha idir 2016 agus 2021.

Foilsíodh fosta torthaí na suirbhéanna breathnóireachta 2021 ar chriosanna sábháilteachta, éadaí sofheicthe, úsáid gutháin póca agus caitheamh na gclogad.







# Ár gComhpháirtíochtaí agus ár gComhoibrithe

# Ár gComhpháirtíochtaí

Oibríonn an RSA ar fud an rialtais, ag baint leasa as ailíniú le príomhbheartais eile (m.sh. gníomh ar son na haeráide) chun torthaí tairbheacha do shábháilteacht ar bhóithre a uasmhéadú. Cuimsítear ag ár gcur chuige comhpháirtíocht níos fearr le pobail agus eagraíochtaí, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

Trí chur chuige bunathraithe a ghlacadh maidir le beartas, cleachtas agus rialachas um shábháilteacht ar bhóithre, agus trí bheith nuálach inár gcur chuige maidir le hoibriú i gcomhpháirtíocht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus lenár bpobail, táimid i suíomh uathúil chun na laghduithe criticiúla ar bhásanna agus ar díobhála tromchúiseacha a theastaíonn faoi 2030 a bhaint amach agus chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ár sprioc deiridh Vision Zero faoi 2050.

## An Garda Síochána agus An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (an MBRS)

Aithnítear an RSA mar phríomh-imreoir do shábháilteacht ar bhóithre in Éirinn agus mar ghuth tosaigh go hidirnáisiúnta agus is príomh-chomhpháirtithe iad An Garda Síochána agus an MBRS a oibríonn leis an RSA chun athrú dearfach a chur chun cinn ar dhearcadh agus iompar gach úsáideoir bóithre. I rith na bliana d'oibrigh an RSA, An Garda Síochána agus an MBRS go dian dícheallach le cuidiú le himbhualtí ar ár mbóithre a chosc le feachtais ar nós Lá Moilleadóireacht agus achomhairc um shábháilteacht ar bhóithre ar laethanta saoire bainc.



## Aoisbhá Éireann

Chomhoibrigh an RSA le hAoisbhá Éireann agus le Líonra Náisiúnta na gComhairlí do Dhaoine Scothaosta i gcomhpháirtíocht leis an Garda Síochána chun díriú ar ghníomhartha dírithe ar chur chun cinn bóithre do dhaoine scothaosta. Áirítear leis seo ceardlann ar líne a óstáil le daoine scothaosta agus cleachtóirí agus daoine scothaosta a bheith páirteach i ndearadh agus i seachadadh feachtais fhaisnéise faoi shábháilteacht ar bhóithre. Leanfaidh an RSA ag obair leis na heagraíochtaí seo ar thionscnaimh ar nós lá faisnéise sábháilteachta bóithre aoischaídiúil, cláir raidió áitiúla le baill ó Chomhairle na nDaoine Scothaosta, ceardlanna oiliúna agus imeachtaí.



## Macra na Feirme

D'fhógair an RSA agus Macra na Feirme, an eagraíocht dheonach a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine óga faoin tuath in Éirinn, comhpháirtíocht atá dírithe ar iompar sábháilteachta bóithre níos fearr a spreagadh i measc daoine óga ó pobail tuaithe ar fud na tíre. Díreoidh an chomhpháirtíocht 2022 ar cheithre phríomhréimse lena n-áirítear na contúirtí a bhaineann le cur isteach na nguthán, an tábhacht a bhaineann le criosanna sábhála a chaitheamh, 'Bí Sábháilte Bí le Feiceáil' agus conas tuirse tiománaithe a chosc. Bhí príomh-ábhar eile timpeall sábháilteacht ann i bhfoirm na meaisín talmhaíochta, le béim ar leith ar eolas a fhorbairt maidir le tarraingt sábháilte leantóirí, de réir rialachán.



## Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

I mí an Mheithimh 2022, d'iarr an RSA agus Cumann Feirmeoirí na hÉireann (IFA) ar thiománaithe gluaisteán a bheith níos cúramaí mar go mbeadh níos mó tarracóirí, traenacha agus meaisíní feirme eile ag baint úsáide as na bóithre le linn séasúr an tsamhraidh.

Tháinig an t-éileamh seo ar an fhód nuair a thosaigh feirmeoirí agus conraitheoirí ag gearradh siollaigh ar fud na tíre.

Bhí an RSA agus an IFA ag iarraidh ar chonraitheoirí feirmeoireachta agus ar thiománaithe eile a bheith cúramach faoi úsáideoirí eile na bóithre agus a bheith i gcónaí ag faire ar úsáideoirí atá leochaileach ar an bhóthar mar a bhíonn rothaithe agus coisithe.

## Applegreen

Téann an RSA i gcomhar leis an miondíoltóir réamhchúirteanna Applegreen chun cupán caife saor in aisce a sholáthar do thiománaithe gach deireadh seachtaine saoire bainc chun cabhrú leis an tuirse taobh thiar den roth a chomhrac. Is éard is tuirse ann ná an lagú fisiceach agus meabhrach a eascraíonn as an easpa codlata. Tá an baol ann go gcloífidh tú agus tú ag tiomáint agus mar sin méadaíonn tú an baol go mbeidh tú i dtimpiste. Ní raibh le déanamh ag tiománaithe ach 'RSA' nó 'driver reviver' a rá ag an tseiceáil amach idir 2pm agus 8pm Dé hAoine agus Dé Luain de dheireadh seachtaine saoire bainc chun a gcaife in aisce a éileamh.







### Coca-Cola

De réir mar a bhí séasúr na Nollag ar ais faoi lánseol, i 2022, d'oibrigh muid le Coca-Cola HBC Éire agus Thuaisceart Éireann chun fógra a thabhairt ar fhilleadh á bhFeachtas 'Tiománaí' Ainmnithe don 18ú mbliain i ndiaidh a chéile.

Is tionscnamh bliantúil de chuid Coca-Cola é 'Tiománaí Ainmnithe' a tharraingíonn aird ar laochra gan aitheantas na Nollag sin a chinntíonn go dtagann a gcairde agus baili teachlaigh abhaile slán leis an bhronntanais shimplí de shíob a thabhairt dóibh. In 2022, tugadh dhá deoch bhog ó raon Coca-Cola do thiománaithe saor in aisce ag níos mó ná 550 ionad rannpháirteacha ar fud na hÉireann agus i dTuaisceart na hÉireann araon, mar aon le páirceáil agus glanadh gluaisteán saor in aisce i gcarrchlóis áirithe ar fud na tíre.

### Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach

D'oibrigh an RSA agus Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (an CCMA) le chéile le heagraigh tiarnaí talún a gcuid fálta sceacha a ghearradh roimh an spriocdháta 1 Márta, chun riosca tromchúiseach sábháilteachta bóthair a sheachaint. D'fhéadfadh básanna ar bhóithre agus imbhuailtí tromchúiseanna a bheith mar thoradh ar fhálta sceacha agus ar chiumhaiseanna bóithre atá foircthe. Cosnaíonn fálta atá á gothabháil i gceart úsáideoirí atá leochaileacha ar an bhóthar gan a bheith ag tiomáint amach as an bhealach agus ar thaobh eile an bhóthair. Is mar gheall ar fhálta a bheith gearrtha mar is ceart go mbíonn radharc soiléir ag na tiománaithe fosta ar a bhfuil os a gcomhair nó timpeall ar an choir, go háirithe ar bhóithre áitiúla tuaithe i gcás línte radhairc ag acomhail nó bacainní ar chomharthaí bóthair.



### Comhpháirtíocht Volkswagen

D'oibrigh an RSA agus Volkswagen le chéile chun feachtas raidió agus sóisialta a sheoladh chun tiomáint sábháilte a spreagadh le haghaidh cleachtais oibre. Bhí sé mar aidhm ag an fheachtas moltaí praiticiúla a thabhairt d'oibrithe maidir le bealaí chun imbhualtí a sheachaint agus iad ag tiomáint mar pháirt den obair, mar shampla cinntiú a dhéanamh go ndéantar seirbhís ar veaineanna, a bheith cúramach nuair a bhíonn siad ag tiomáint timpeall crúbaí, a bheith cúramach agus a bheith ag moilliú.

Léirigh an taighde go dtarlaíonn níos mó ná ceathrú cuid (28%) d'ionsaithe díograiseacha agus tromchúiseacha a bhaineann le himbhualtí oibre nuair a bhíonn feithicil tráchtála éadrom in úsáid idir 4 p.m. agus 8 p.m.



### Cumann Thionscal Bonn na hÉireann

Tá comhpháirtíocht an-rathúil le fada an lá idir Cumann Thionscal Bonn na hÉireann (an ITA) agus an RSA. In 2022, d'úsáid an RSA, in éineacht le An Garda Síochána agus an ITIA, seoladh Lá Sábháilteachta na mBonn a bhí ann Dé Céadaoin, 5 Deireadh Fómhair, ag oifigi Líonraí an ESB – atá freagrach as Flít agus Trealamh i mBaile Átha Cliath - le béim a chur ar an fhíric nach bhfuil boinn atá inrochtana ar an bhóthar ag cuidiú leis na costais dhaonna agus airgeadais a bhaineann le bualadh a sheachaint ach go sábháiltear airgead fosta ar chostais an bhreosla.

### Féile Idirnáisiúnta Rós Thrá Lí

In 2022, bhí an RSA ina Chomhpháirtí Oifigiúil d'Fhéile Idirnáisiúnta Rós Thrá Lí.

Bhí an Turas Rós 2022, a bhí go mór i mbéal an phobail, a ina raibh 33 Rós agus Compánach ann, ar siúl ón 11 go dtí an 19 Lúnasa agus thug sé cuairt ar chinn scríbe tábhachtacha ar fud na tíre lena n-áirítear Contaetha Loch Garman, Tiobraid Árann, Luimneach, Baile Átha Cliath, Cill Dara agus níos mó, ag críochnú i dTrá Lí an 19 Lúnasa, d'Ócáid mór na féile.





## Cumann na n-Imreoirí Gaelacha

Bhí sé mar aidhm ag an fheachtas #NotEven1 feithiclí a chur ar an eolas faoi thábhacht a bheith ag díriú go hiomlán taobh thiar den roth. Chuir an feachtas béim ar an bhealach a dtiocfadh le halcól cur isteach ar fheidhmíocht, rud a d'fhéadfadh riosca tromchúiseach a chur ar an tiománaí agus ar rannpháirtithe eile sa bhóthar. Tharla an feachtas seo in 2022.

Seoladh feachtas nua fosta in 2022: feachtas sábháilteachta bóthair sonrath do chontaetha, i gCorcaigh agus i Luimneach ina raibh imreoirí GPA páirteach. Dhírigh an feachtas raidió ar phríomhtheachtaireachtaí athraithe iompair a sheachadadh i gCorcaigh agus i Luimneach chun cuidiú le stop a chur le treocht na mbásanna sna contaetha sin, i gcomhpháirtíocht le Red FM agus Live 95.



## Cás-Staidéar

### Beartais Shábháilteachta Bóithre na Spáinne



Chuaigh toscaireacht ón RSA agus ón Garda Síochána ar chuairt i Maidrid i mí na Bealtaine 2022 agus bhuail siad leis an Ard-Stiúrthóir ag an Dirección General de Tráfico chun beartais sábháilteachta bóithre sa Spáinn a phlé, lena n-áirítear teorainn luas 30 km/h mar aon le hoiliúint, oideachas agus forfheidhmiú. Pléadh beartais sábháilteachta bóithre na hÉireann chomh maith. Bhuail an fhoireann fosta le Leas-Stiúrthóir na Soghluasteachta agus na Teicneolaíochta agus le Leas-Stiúrthóir an Oiliúna agus na Oideachais Rinneadh plé ar bheartais comparáideacha chomh maith maidir le hoideachas agus oiliúint do scútair leictreonacha agus rothair.



Ar an dara lá, bhuail an toscaireacht leis an Aonad Tráchtá an Guardia Sibhialta atá freagrach as póilíní bóithre i Maidrid. I measc na n-ábhar a pléadh bhí eagraíocht, struchtúr, imscaradh, forfheidhmiú, soghluaisteacht agus teicneolaíochtaí nua a úsáidtear ag póilíní bóthair i Maidrid chomh maith le comhar póilíní idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht bóithre agus póilíneacht bóthair. Bhí deis ag toscaireacht na hÉireann cuairt a thabhairt ar phointe seiceála agus a fheiceáil ar Aonad Tráchtá an Guardia Sibhialta agus iad ag feidhmiú.



# Ár gComhpháirtithe



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland



An Roinn Iompair  
Department of Transport



An Roinn Sláinte  
Department of Health



An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills



NOCA National Office of  
Clinical Audit



VISION  
ZERO



# Dul Chun Cinn s'againn ar an Athrú Aeráide agus ar an Inbhuanaitheacht



# Dul Chun Cinn s'againn ar an Athrú Aeráide agus ar an Inbhuanaitheacht

**Cuimsíonn clár oibre um athrú aeráide agus inbhuanaitheacht de chuid an RSA uailmhian chun freastal ar ár gcuid riachtanas féin gan dochar a dhéanamh do leas na nglún atá le teacht. Le blianta beaga anuas is réimse é seo a bhfuil tábhacht straitéiseach ag dul i méid do gach eagraíocht. Is ar an gcúis seo a aithníodh an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht araon mar phríomhcheisteanna thar gach gné dár bPlean Corparáideach nua 2022-2025.**

Cuireadh in áirithe an Inbhuanaitheacht agus an Gníomhaíocht Aeráide mar phríomhthosaíocht straitéiseach in 2022. Leanfaimid ag cur clár i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar phríomhcheisteanna inbhuanaitheachta agus comhshaoil. Cabhróidh sé seo linn tacú le feasacht agus tuiscint ar inbhuanaitheacht laistigh den eagraíocht, ní hamháin i dtéarmaí tionchair timpeallachta ach freisin maidir le cothromas sóisialta agus forbairt eacnamaíoch.

Go déanach in 2022, thug an Rialtas a Shainordú uailmhianach um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí isteach. Is é is aidhm leis an sainordú seo ná go léireoidh comhlachtaí poiblí ceannaireacht maidir le astaíochtaí a laghdú agus go spreagfaidh siad an pobal a leanúint.

Is iad na trí phríomhchuspóir atá sa sainordú seo ná:

1. Astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú de 51% faoi 2030.
2. An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil poiblí a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go dtí 50% faoi 2030.
3. Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i gcrích faoi dheireadh 2022.

Is iad seo a leanas na príomhrudaí a bhaineann le Plean an RSA:

- **Ár nDaoine:** Foireann Fuinnimh a bhunú agus athrú aeráide agus inbhuanaitheacht a ionchorprú ar ardleibhéal san eagraíocht.
- **Ár modh oibre:** Athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis oibre chun bealaí oibre níos éifeachtaí a thabhairt isteach.
- **Ár bhFoirgnimh agus ár bhFeithiclí:** Athbhreithniú a dhéanamh ar fhoirgnimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus athruithe a dhéanamh más gá. Deireadh a chur le feithiclí breosla iontaise de réir a chéile agus EVanna (feithiclí leictreacha) a chur ina n-ionad.





Tá fócas méadaithe ar inbhuanaitheacht ag leibhéal tionscadail agus oibriúcháin laistigh den eagraíocht chun cuspóirí inbhuanaitheachta a ionchorprú. In 2022, go dtí seo tá roinnt dár ngníomhaíochtaí aeráide pleanáilte curtha i bhfeidhm ag an RSA lena n-áirítear:

Gníomh	Céimeanna Seachadta go dtí seo
<b>Freagracht Shóisialta Chorporáideach sna réimsí bainistíochta saoráidí agus flít</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Feithiclí atá lán-leictreacha agus hibrídeach a thriail i gCeannáras Bhéal an Átha chun a n-oiriúnacht mar chuid de chabhlach an RSA a mheas.</li> <li>■ Osclaíodh oifig riaracháin nua éifeachtach ag an Phríomhshráid, Baile Locha Riach, ina feisíodh luchtair carr dúbailte.</li> <li>■ Soilsíú LED suiteáilte laistigh agus lasmuigh agus braiteoirí i hallaí agus staighrí ag Ceanncheathrú Bhéal an Átha.</li> <li>■ Spreagadh an fhoireann chun dramhaíl a laghdú trí úsáid a bhaint as comharthaí ar fud ár bhfoirgnimh.</li> </ul>
<b>Úsáid na seirbhísí digiteacha a uasmhéadú</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Díriú leanúnach ar shainaithe seirbhísí RSA nuair is féidir.</li> <li>■ Braith níos lú ar fheidhmchláir páipéarbhunaithe inár seirbhísí a chuirtear ar fáil ar líne faoi láthair.</li> </ul>
<b>Cur chuige eagraíochta do chruinnithe/ imeachtaí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Baineadh leas as uirlisí fíorúla cruinnithe i bhfianaise ár láithreacha scaipthe agus ár scaipeadh geografach.</li> <li>■ Athraíodh roinnt imeachtaí agus cruinnithe le reáchtáil fíorúil ar ardán inbhuanaithe, m.sh. hallaí baile.</li> </ul>
<b>Feachtas ‘Laghdaigh d’Úsáid’</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Tugadh an Feachtas Laghdaigh d’Úsáid isteach i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun foireann na seirbhíse poiblí a spreagadh le bheith níos tiosaí ar fhuinneamh san ionad oibre agus sa bhaile. Bhí ról gníomhach ag áiseanna san feachtas seo ag cruthú leathanach tiomnaithe ar myRSA mar aon le póstaer agus feachtas faisnéise don fhoireann.</li> </ul>
<b>Bithéagsúlacht agus caomhnú a chur chun cinn</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Cuireadh tús le hathbhreithniú ar áiseanna rothaíochta ag Ceannáras Bhéal an Átha agus Baile Locha Riach go déanach in 2022.</li> <li>■ Rinne an Fhoireann Glas iniúchadh ar limistéir chaomhnaithe flóra agus fána timpeall ár bhfoirgnimh.</li> </ul>
<b>An Fhoireann Glas</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Bunaíodh Foireann Glas an RSA i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus tá baill foirne ó gach réimse den eagraíocht inti. Tagann an grúpa le chéile ar bhonn míosúil chun smaointe agus tograí a phlé i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh laistigh den RSA.</li> </ul>
<b>Míleáiste a laghdú, taisteal foirne chun oibre</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Cuireadh tús le scéim píolótach le haghaidh oibre mheasctha, ag laghdú ceanglas na foirne freastal ar an spás oifige thar seachtaine cúig lá. Déanfar measúnú ar an chur chuige sin in 2023.</li> <li>■ Fócas leanúnach ar roghanna taistil flít agus poiblí a úsáid chun freastal ar chruinnithe.</li> </ul>



# Ár bPobal

# Ár Luachanna

Tá sábháilteacht an phobail ar ár mbóithre i gcroílár gach a ndéanaimid, agus tá ár luachanna mar bhonn agus taca leis an gcaoi a n-oibrímid lena chéile agus le daoine eile agus muid ag saothrú ár dtiomantais chun bóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach úsáideoir bóthair.



## Ionracas

Bímid ag iompar go heiticiúil, go macánta agus go trédhearcach.



## Cuntasacht

Is luach dúinn agus is mór againn rannchuidiú a chéile chun ár gcuspóirí a bhaint amach.



## Difríocht a Dhéanamh

Baineann gach a ndéanaimid le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.



## Sármhaitheas Seirbhíse

Soláthraímid seirbhísí poiblí nuálacha, freagracha agus inrochtana.



## Comhoibriú agus Comhpháirtíocht

Cothaímid obair chuimsitheach thacúil leis an bhfoireann agus leis na comhpháirtithe.

Tá na luachanna sin forbartha againn chun an chaoi a ndéanaimid ár gcuspóirí agus ár misean a chomhlíonadh agus leanfaimid orainn ag seachadadh ár gcuspóirí agus ár misean chun laghdú 50% a bhaint amach i líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre ar bhóithre na hÉireann faoin mbliain 2030. Tá tús curtha lenár dturas agus cuirfidh na luachanna sin ar ár gcumas ár ngealltanais chun an aidhm sin a bhaint amach.



# Athdhearadh Eagraíochta den RSA

**In 2022, rinne an RSA athbheithniú ar ár múnla oibriúcháin eagraíochta. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil na struchtúir is fearr ag an RSA chun tacú le gach foireann agus limistéar gnó chun ár seirbhísí a sheachadadh agus ár spriocanna uailmhianacha maidir le sábháilteacht ar bhóithre ag dul i dtreo ‘Fís Nialas’ a bhaint amach.**

Tar éis athbheithniú a dhéanamh ar an struchtúr agus ar na cumais atá ann faoi láthair, chomh maith le riachtanais sa toadhchái maidir lenár seirbhísí agus lenár saineolas, d'éirigh leis an RSA aistriú go struchtúr oibriúcháin nua le linn 2022. Cinnteoidh na buntáistí a bhaineann leis an athrú seo torthaí níos fearr dár gcustaiméirí, bealaí níos idirnasctha chun oibriú ar fud na heagraíochta agus lenár gcomhpháirtithe agus deireadh a chur le dúbailt iarrachta agus mar thoradh air sin bealaí éifeachtacha agus éifeachtacha oibre mar gheall ar fheidhmiúlacht a shimpliú.

Mar gheall ar na deiseanna chun cumas a thógáil laistigh dár n-eagraíocht, agus de thoradh ar dhaoine dul ar scor i rith 2022, d'éirigh leis an RSA ról nua stiúrthóirí a earcú mar Phríomh-Oifigeach Oibríochtaí chomh maith le Stiúrthóir Comhpháirtíochta agus Gnóthaí Eachtracha. Chomh maith leis sin, mhéadaigh muid ár gcumas AD agus TFC trí Stiúrthóireacht nua Daoine, Forbartha agus Cultúir agus Stiúrthóireacht nua Teicneolaíochta, Ardáin agus Réitigh a bhunú. Rinne muid athbheithniú ar na feidhmeanna a bhí comhcheangailte faoi na stiúrthóireachtaí atá fágtha, ag díriú ar chumas sa toadhchái agus d'athraigh muid ainm an Stiúrthóireachta a fhad is go mbeidh siad in ann feidhmeanna nua a shanntar a chur i gcrích.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an ÚSB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC). Tá an tÚSB ag oibriú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) don bhliain 2022.

### (c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir an choinbhinsiún chostais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais, i bhfoirm, faofa ag an Aire Iompair faoi Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach agus iad ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an ÚSB.

### (d) Ioncam

#### Deontas Oireachtais

Aithnítear ioncam de ghnáth ar bhonn fabhraithe; eisceacht amháin óna thaobh sin iad Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

#### Ioncam agus Costais Úis

Aithnítear ioncam agus Costais ar bhonn fabhraithe.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (d) Ioncam (ar lean)

#### Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe i gcás sruthanna ioncaim lena n-áirítear táillí le haghaidh tástálacha tiomána, an Tobhach Náisiúnta um Thástáil Carranna agus an Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála, mar is é an pointe ina n-aithnítear an t-ioncam ná nuair a chríochnaítear an tástáil. Aithnítear an t-ioncam ó tháillí ar chártaí digiteacha tacagraif, ceadúnais tiomána agus clárúcháin ceadaithe teagascóirí tiomána ar bhonn fáltas airgid mar gheall ar na teorainneacha córasacha a choisceann aitheantas ar bhonn fabhraithe. Tá an tÚSB i dteideal sciar a fháil d'aon bhrabúis a ghineann soláthraí na seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna. Aithnítear brabúis den sórt sin nuair is dócha go dtiocfaidh sochar eacnamaíoch chun cinn agus gur féidir an sochar sin a thomhas go hiontaofa.

### (e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar do bhearnú. Déanfar foráil do dhímheas ar gach réadmhaoín, gléasra agus trealamh de réir rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

(i)	Feabhsuithe Léasachta	5% in aghaidh na bliana
(ii)	Daingneáin agus Feistis	20% in aghaidh na bliana
(iii)	Flít	20% in aghaidh na bliana
(iv)	Crua-earraí ICT	33% in aghaidh na bliana
(v)	Bogearraí Feidhmchláir	33% in aghaidh na bliana

Léirítear le luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costais mheasta díúscairthe a bhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d'aois agus de bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fóna.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú ar luach sócmhainne, aithnítear cailteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

### (f) Sochair Fostaithe

#### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus bíonn sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhiúir iníochta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

### (g) Sochair Scoir

#### Pinsin Foirne

#### Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse

Amhail 31 Nollaig 2022 tá 35 ball foirne de chuid an tÚSB i scéim aoisliúntais na státseirbhíse agus níl dliteanais phinsin na foirne sin san áireamh i ráitis airgeadais an ÚSB. Déanann an tÚSB ranníocaíochtaí pinsin de chuid an bhall foirne sin a íoc leis an Roinn Iompair agus ní bhíonn aon oibleagáidí eile ar an tÚSB ina dhiaidh sin i leith daoine ar baill den scéim iad.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

### (g) Sochair Scoir (ar lean)

*Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair')* Feidhmíonn an tÚSB freisin an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair'), ar scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí 199 ball den scéim sin ann amhail an 31 Nollaig 2022. Tá 27 ball iarchurtha agus 0 pinsinéir sa Scéim freisin.

In 2018, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in iúl don ÚSB, go meastar gur Údarás Ábhartha é an tÚSB mar atá leagtha amach i gCiorclán 28 de 2016. Socraíodh é sin toisc go meastar go bhfuil an tÚSB féin-mhaoinithe agus dá bhrí sin éilítear air ranníocaíochtaí fostóra do bhaill na 'Scéime Aonair' a chur ar aghaidh chuig DPER de réir fhorálacha na Ciorcláin. Déanann an tÚSB na ranníocaíochtaí sin a chur ar ais ar bhonn míosúil.

### *Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis*

Sábháilteachta ar Bhóithre Foráiltear le hAlt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 go mbunóidh an tÚSB Scéim Aoisliúntais Foirne an ÚSB (an Scéim). I mí Iúil 2013, cheadaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Scéim le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí Ballraíocht na Scéime oscailte d'fhoireann a ghlac páirt trí iomaíocht sheachtrach agus ar bhealaí eile ó Mheán Fómhair 2006 i leith. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 159 ball foirne de chuid an ÚSB ina gcomhaltaí gníomhacha den Scéim. Tá 18 ball iarchurtha agus 39 pinsinéir sa Scéim freisin. Feidhmíonn an Scéim ar an mbonn go ndéanann an tÚSB ranníocaíochtaí pinsin foirne a asbhaint ón bpárolla agus go dtarchuireann na ranníocaíochtaí sin chuig an Roinn Iompair. Dheimhnigh an Roinn Iompair tar éis dóibh an scéal a phlé leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go leanfaidh an státchiste ag comhlíonadh dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne an ÚSB ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' do gach ball den Scéim, de réir mar bheidh siad dlite, fad a bheidh an Scéim i bhfeidhm. Is éard atá sa chóras 'íoc mar a úsáidtear' ná go n-íoctar sochair na Scéime ó ioncam reatha an státchiste nuair a bhíonn siad dlite.

Léirítear sna ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí scéim aoisliúntais ÚSB agus as an Scéim Aonair, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáochta ina dtuilleann na fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach trí mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

### *Scéim Aoisliúntais na Comhairle Sábháilteachta Náisiúnta 1991 go 2000*

Nuair a bunaíodh an tÚSB, d'aistrigh 6 phinsinéirí chuige nuair a cuireadh deireadh leis an gComhairle Sábháilteachta Náisiúnta. Leithdháiltear maoiniú státchiste ar an ÚSB gach bliain chun oibleagáidí an bpinsinéirí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

## (h) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuiriscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanais amháil ar an dáta tuairiscithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál na meastachán go bhféadfadh difear a bheith idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Tá an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

## Dímheas agus Luachanna Iarmhair

Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolré sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta, agus go háirithe, saol eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas agus tháinig siad ar an gconclúid go raibh saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

## Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí atá mar bhunús leis na luachálacha achtúireacha trína gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lacáiste, rátaí méadaithe ar leibhéal chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhaireachta agus treochtaí maidir le rátaí chostas cúram sláinte) gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíochta reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na barúlacha:

- (i) ráta lascaine, athruithe ar ráta toraidh bannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéal chúitimh a bheidh ann amach anseo, cúinsí an mhargaidh saothair amach anseo

Mar a mhínítear i nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, tá sócmhainn pinsin iarchurtha aitheanta ag an mBord maidir le Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair) ar an mbonn go bhfuil sé ag súil go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun oibleagáidí sochair scoir a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite. Glacann an chóireáil chuntasaíochta seo leis go gcuirfear aon ioncam a ghineann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i bhfeidhm ar an gcéad dul síos i dtreo na gcostas reatha agus go bhfreastalóidh maoiniú Stáit ar aon easnamh in acmhainní chun dliteanais sochair scoir sa todhchaí a mhaoiniú.

## 2 Deontais Oireachtais

Íoctar an deontas Oireachtais de €989,000 (2021: €719,000) leis an ÚSB ó fhotheideal B4 den Vóta Iompair. In 2022 agus 2021, leithdháileadh deontas sonrach €139,000 Oireachtais gach bliain ar an ÚSB, chun na híocaíochtaí pinsin bliantúla a íoc le roinnt pinsinéirí a d'aistrigh chuig an ÚSB ar dhíscaoileadh na Comhairle Sábháilteachta Náisiúnta. Tá an méid a íoctar leis na pinsinéirí san áireamh i Nóta 4. Leithdháileadh an €850,000 eile in 2022 (2021: €580,000) chun costais a bhain leis an Údarás um Fhaireachas ar an Margadh Feithicleach a mhaoiniú, tar éis don Roinn Iompair an tÚSB a cheapadh de réir reachtaíocht an AE. Is é is aidhm don fhaireachas margaidh seo a áirithiú go gcomhlíonann feithiclí nua agus a gcomhphárteanna ceanglais cineálcheadaithe faoi Rialachán AE 2018/858.



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

## 3. Acmhainní Eile

	2022	2021
	€	€
Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán	25,911,435	27,515,296
Ioncam ó Cheadúnais Thiomána	34,541,391	23,188,540
Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála	16,355,837	15,491,383
Ioncam ó Tháillí Tástála Tiománaithe	16,926,981	15,407,073
Ioncam ó Sheirbhís Dhigiteach Thacagraif	923,880	767,145
Ioncam Teagascóir Tiomána Faofa	561,399	391,349
Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha	337,667	327,367
Ioncam Urraíochta	-	52,939
Ilghnéitheach	284,995	195,706
	<b>95,843,585</b>	<b>83,336,798</b>

Is comhlacht reachtúil é an tÚSB a thuilleann ioncam ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal. Tá na príomhfhoinsí ioncaim leagtha amach thíos.

An Cineál Ioncaim	Foinse
Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán	Faigheann an tÚSB ioncam tobhaigh bunaithe ar an líon gluaisteán a thástáiltear. Bailíonn an soláthraí seirbhíse ar conradh an táille chomhlán nuair a dhéantar an tástáil agus cuirtear cuid den táille tástála ar ais go míosúil i riaráistí chuig an ÚSB. In 2022, b'ionann láimhdeachas an chonraitheora seachfhoinsithe a oibríonn an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán agus thart ar €72.3m (2021: €75.2m) agus fuair an tÚSB €25.9m (2021: €27.5m) de sin in ioncam tobhaigh. Tá laghdú tagtha ar an tobhach a fuarthas in 2022 maidir leis an Tástáil Náisiúnta Cáirteá i gcoinne 2021 mar gheall ar líon níos ísle tástálacha a cuireadh i gcrích agus ionsú an mhéadaithe innéacsaithe de 2.66% mar gheall ar an gConraitheoir. Chuir COVID 19 i R1 agus R2, mar aon le saincheisteanna foirne, srian ar chumas na seirbhíse i rith 2022.
Ioncam ó Cheadúnais Thiomána	Tá freagracht ag an ÚSB as eisiúint agus athnuachan ceadúnas tiomána. Faightear an t-ioncam sin ó tháillí a íocann tiománaithe as ceadúnas tiomána a fháil/a athnuachan. Tháinig méadú suntasach ar ioncam na gCeadúnas Tiomána agus cuireadh méideanna níos airde i leith na méideanna in 2021 a bheith níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis. Tháinig méadú ar iarratais in 2022 mar gheall ar shíneadh ar Cheadúnas COVID in 2021.
Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála	Lean ÚSB le hioncam Tobhaigh Tástála Feithiclí Tráchtála a aithint in 2022, ar tháinig méadú air ó bhliain go bliain mar tástáladh líon níos mó feithiclí tráchtála in 2022.
Ioncam ó Thástáil Tiománaithe	Tá an tÚSB freagrach as tástáil tiománaithe. Faightear an t-ioncam sin ó tháillí a íocann tiománaithe as tástáil tiomána a dhéanamh, a aithnítear mar ioncam é nuair a bhíonn an tástáil críochnaithe. Tá an méadú ar ioncam do 2022 mar gheall ar líon méadaithe na dtástálacha tiomána a cuireadh i gcrích in 2022.
Ioncam ó Sheirbhís Dhigiteach Thacagraif	Tá an tÚSB freagrach as reachtaíocht maidir le 'huaireanta tiománaithe' a fhorfheidhmiú. Faigheann an tÚSB ioncam ó tháillí nuair a eisiónn sé cárta leictreonach tacagraif dhigitigh do tharlóirí chun uaireanta tiománaithe a thaifeadh. Tá sé seo bunaithe ar éileamh agus tá an méadú bliain ar bhliain bunaithe ar líon na n-athnuachan ar chártaí tiománaí.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

### 3. Acmhainní Eile (ar lean)

An Cineál Ioncaim	Foinse
Ioncam Teagascóir Tiomána Faofa	Tá an tÚSB freagrach as rialáil thionscal na dTeagascóirí Tiomána. Faigheann an tÚSB ioncam tobhaigh nuair a chláraíonn agus a thástálann sé teagascóir tiomána. Bhí méadú ar iarratais ann in 2022
Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha	Tá an tÚSB freagrach as iompar earraí contúirteacha a rialáil. Faigheann an tÚSB ioncam ó tháillí nuair a chláraíonn sé tarlóir mar Iompróir Earraí Contúirteacha.

### 4 Luach Saothair agus Costais Phá Eile

#### 4(a) Luach Saothair agus Costais Phá Eile

	2022 €	2021 €
Tuarastail Foirne	21,649,402	19,496,480
Ranníocaíocht fostóra i leith leas sóisialta	2,012,726	1,898,618
Oiliúint agus forbairt na foirne	274,452	315,276
Taisteal agus cothú na Foirne agus comhaltaí an Bhoird - Intíre	2,607,441	2,144,568
Taisteal agus cothú Foirne agus Boird – Eachtrach	29,310	878
Costais eile foirne	55,266	44,718
Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird (lena n-áirítear luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin)	220,719	208,129
<b>Iomlán</b>	<b>26,849,316</b>	<b>24,108,667</b>

Ní áirítear sna costais thuas na costais tuarastail a bhaineann le foireann inmheánach sannta do thionscadail chaipitil a bhfuil a gcostas caipitlithe, de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo, arbh fhiú €529,171 (2021: €649,368). Asbhaineadh asbhaintí a bhaineann le pinsin dar luach €883,099 san iomlán ó thuarastail agus pá agus íocadh anonn leis an Roinn Iompair, i leith 2022 (2021: €500,706). Ba é 392 líon iomlán na foirne a bhí fostaithe (WTE) ag deireadh na bliana (2021: 417). 3 cinn eile (2021: 3) tugadh baill foirne ar iasacht don ÚSB ó Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus ó Chóras Iompair Éireann, agus dá réir sin taifeadadh 395 san iomlán.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

## 4 Luach Saothair agus Costais Phá Eile (ar lean)

### (i) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

	2022	2021
	€	€
Sochair ghearrthéarmacha foirne	21,870,122	19,704,609
Ranníocaíocht an fhostóra leis an leas sóisialach	2,012,726	1,898,618
	<b>23,882,848</b>	<b>21,603,227</b>

### (ii) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2022	2021
	€	€
Bunphá	20,922,928	18,777,235
Ragobair	378,162	367,429
Liúntais	569,032	559,945
	<b>21,870,122</b>	<b>19,704,609</b>

### (iii) Sochair Fhoirceanta

Níor thabhaigh an tÚSB aon chostais sochair fhoirceanta in 2022 nó in 2021.

### 4(b) Miondealú ar shochair fostaithe don bhliain

Raon sochar iomlán fostaithe Ó	Go	Líon na bhFostaithe 2022	Líon na bhFostaithe 2021
€60,000	- €69,999	55	53
€70,000	- €79,999	21	15
€80,000	- €89,999	13	11
€90,000	- €99,999	4	3
€100,000	- €109,999	1	2
€110,000	- €119,999	1	2
€120,000	- €129,999	-	-
€130,000	- €139,999	-	-
€140,000	- €149,999	-	-
€150,000	- €159,999	-	1
€160,000	- €169,999	-	-
€170,000	- €179,999	1	-

Cuimsíonn sochair an fhostaí tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní chuimsíonn sé PRSI an fhostóra.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

### 4 Luach Saothair agus Costais Phá Eile (ar lean)

#### 4(c) Cúiteamh Príomhphearsanra an Lucht Bainistíochta

Cuimsítear le príomhphearsanra bainistíochta san ÚSB comhaltaí an Bhoird, an CEO, na seachtar stiúrthóirí. (2021: Stiúrthóirí). Tá luach iomlán sochar fostaí phríomhphearsanra an lucht bainistíochta leagtha amach thíos.

	2022 €	2021 €
Tuarastal	1,038,531	826,369
Liúntais	-	-
	<b>1,038,531</b>	<b>826,369</b>

Ní chuimsíonn sé sin luach na sochar scoir a thuilleadh sa tréimhse. Tá na príomhphearsana bainistíochta ina mbaill de Scéim Aoisliúntais Foirne ÚSB, de Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse nó den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime pinsin eiseamláireach seirbhíse poiblí.

#### Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh

Is mar seo a leanas atá pacáiste luach saothair an CEO sa tréimhse airgeadais:

	2022 €	2021 €
Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh	170,275	157,683
	<b>170,275</b>	<b>157,683</b>

Tá an CEO reatha ina bhall den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime pinsin sin. Ní áirítear luach na sochar scoir a thuilleadh sa tréimhse thuas.



## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

### 5 Costais Sochair Scoir

#### 5(a) Anailís ar chostais iomlána sochair scoir a cuireadh de mhúirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

	2022 €	2021 €
Ollchostas seirbhíse reatha	5,819,000	6,969,000
Lúide costas seirbhíse reatha agus úis chomhaltaí Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair	(1,924,000)	(1,889,000)
Ranníocaíochtaí Comhalta (lena n-áirítear Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais)	(1,215,000)	(1,003,000)
Ranníocaíochtaí fostóra le Scéim Pinsin na Seirbhísí Poiblí Aonair	1,236,337	1,084,899
Costas úis ar dhliteanais na scéime sochair scoir	1,682,000	981,000
	<b>5,598,337</b>	<b>6,142,899</b>

#### 5(b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

	2022 €	2021 €
Glan-oibleagáid Sochar Scoir amhail an 1 Eanáir	(129,761,000)	(140,763,000)
Costas seirbhíse reatha	(5,819,000)	(6,969,000)
Costas úis	(1,682,000)	(981,000)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	48,394,000	17,607,000
Pinsin íoctha sa bhliain	662,000	1,345,000
<b>Glan-oibleagáid Sochar Scoir amhail an 31 Nollaig</b>	<b>(88,206,000)</b>	<b>(129,761,000)</b>

#### 5(c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an Bord na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas neamhghaoinithe iarchurtha do shochair scoir ar bhonn an tacair toimhdí a gcuirtear síos orthu thíos anseo ag 5(e) agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. Cuimsíonn na himeachtaí sin an bunús reachtúil chun na scéimeanna sochair scoir a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Tá deimhniú ag an mBord ón Roinn Iompair go leanfaidh an státchiste de na dliteanais faoin Scéim a chomhlíonadh ar bhonn 'foc mar a úsáidtear' do gach ball den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, chomh fada agus a bheidh an Scéim ag feidhmiú.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

## 5 Costais Sochair Scoir (ar lean)

### 5(c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochar scoir (ar lean)

Foráiltear le halt 44 den Acht um Pinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 do mhaoiniú íocaíochtaí pinsin faoin Scéim Aonair de réir mar a bhíonn siad dlite trí íocaíochtaí as an gCiste Lárnach nó as cistí a sholáthraíonn an tOireachtas chun na críche sin.

Is mar seo a leanas atá an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochar scoir a aithníodh sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí loncaim Coinnithe:

	2022 €	2021 €
Maoiniú inghnóthaithe i leith chostais sochair scoir na bliana reatha (lúide coigeartú do SPSPS)	5,577,000	6,061,000
Deontas Stáit curtha i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc	(662,000)	(1,345,000)
	<b>4,915,000</b>	<b>4,716,000</b>

Is ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha do shochar scoir amhail an 31 Nollaig 2022 agus €88.206m (2021: €129.76m).

### 5(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2022 €'000	2021 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2018 €'000	2017 €'000
Oibleagáid sochair shainithe	88,206	129,761	140,763	113,620	93,297	91,263
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime sochair shainithe	(6,329)	3,169	(2,180)	1,593	(4,580)	(7,575)
Mar chéatadán de dhliteanais na scéime	(7.2%)	2.4%	(1.5%)	1.4%	(4.9%)	(8.3%)

### 5(e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Is socrú pinsin le sochar sainithe bunaithe ar thuarastal inphinsin deiridh é an scéim sochair scoir le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe le tagairt do rialacháin reatha scéim 'eiseamláireach' na hearnála poiblí. Leis an scéim, soláthraítear pinsean (ar 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é), aisce nó cnapshuim (ar 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is í an Gnáthaois Scoir ná breithlá 65 bliana an chomhalta, agus tá teidlíocht ag comhaltaí a bhí ann roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 62 bhliain d'aois i leith. Méadaítear pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Is í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) an scéim pinsean le sochar sainithe do sheirbhísigh poiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar foráil sa scéim do phinsean agus cnapshuim scoir atá bunaithe ar luach saothair mheán na gairmréime inphinsin, agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é 66 bliain an aois íosta pinsin (ag ardú de réir athruithe aoise maidir le phinsin Stáit). Cuimsítear leis saoráid luathscoir laghdaithe go hachtúireach ó 55 bliain d'aois ar aghaidh. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

### 5 Costais Sochair Scoir (ar lean)

#### 5(e) Tuairisc ghinearálta ar an scéim (ar lean)

Bhí an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 12 Aibreán 2023, agus ceanglais FRS á gcur san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2022.

Bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha faoi mar a leanas:

	2022	2021
Ráta méadaithe i dtuarastail	3.7% pa	3.4% sa bhliain
Ráta an mhéadaithe ar shochair scoir mar íocaíocht	2.2% pa	1.9% in aghaidh na bliana
Ráta lascaine	3.7% pa	1.3% in aghaidh na bliana
Ráta Boilscithe	2.2% pa	1.9% in aghaidh na bliana

D'ardaigh torthaí bannaí le linn 2022 sa chaoi is gurbh é an ráta lascaine a úsáideadh ag deireadh 2022 ná 3.7% in aghaidh na bliana, ach tháinig méadú ar an mboilsciú in 2022 freisin. Rinne sé seo fritháireamh ar chuid den tionchar a bhí ag an méadú ar thorthaí bannaí. Ag cur an mhéadaithe boilscithe san áireamh ba é an tionchar a bhí ag an athrú ar thoirimhí airgeadais ó dheireadh na bliana 2021 go deireadh na bliana 2022 ná laghdú €41.5m sa luach dliteanais ag deireadh 2022. Faoin gcaighdeán cuntasáíochta, éilítear go mbeidh an ráta lascaine bunaithe ar an toradh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin (arna nglacadh mar rátáil AA) atá cosúil le fad na ndliteanas.

#### Ráta Báis

Ba iad seo a leanas na táblaí básmhaireachta a úsáideadh;

	Fear	Bean
Básmhaireacht réamhscoir	90% de S3PXA (uile)	90% de S3PXA (uile)
Básmhaireacht iar-scoir	90% de S3PXA (uile)	90% de S3PXA (uile)

Bunaithe ar na táblaí sin tá ionchas saoil ag aois 65 mar seo a leanas:

	2022	2021
Fear, in aois 45 anois	25.1 bliain	25.0 bliain
Fear, in aois 65 anois	23.4 bliain	23.3 bliain
Bean, in aois 45 anois	27.4 bliain	27.3 bliain
Bean, in aois 65 anois	25.7 bliain	25.6 bliain

### 6 Comhairle Theicniúil

	2022	2021
	€	€
Comhairle Theicniúil	437,960	306,766
<b>Iomlán</b>	<b>437,960</b>	<b>306,766</b>

Baineann an chomhairle seo go príomha le costais chomhairleoireachta caighdeáin feithiclí atá níos airde in 2022, mar thoradh ar obair bhreise a theastaíonn a bhaineann le ceadúnais Ionad Tástála CVR a dhul in éag agus tús a chur leis an obair ar Ghníomh 13 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

## 7 Costais Riaracháin

	2022 €	2021 €
Priontáil agus Stáiseanóireacht	311,912	280,319
Postas	116,671	96,586
Costais Bainistíochta Saoráide	1,658,213	1,512,559
Fuinneamh	408,534	331,492
Costais Theileafóin agus Malartaithe Sonraí	752,072	636,294
Costais Bogearraí, Ceadúnaithe agus Tacaíochta	2,968,402	1,738,347
Cothabháil Crua-earraí	53,474	61,811
Táillí Iniúcháireachta	36,000	36,000
Táillí Iniúchta Inmheánaigh	34,653	41,910
Riarachán Párolla	35,855	34,671
Seirbhísí Aistriúcháin	5,001	826
Árachas	73,423	62,240
Cothabháil Suímh Ghréasáin	3,674	12,151
Táillí i leith Idirbhearta Airgeadais	280,227	226,888
Costas Úis Bainc	123,682	173,388
Costais Saoráide Fruilithe	1,620,230	1,363,914
Costais um Bhainistiú Flít	417,093	310,344
Costais Riaracháin AD	79,830	47,546
Bainistíocht Athruithe	513,656	616,010
PPE a bhaineann le COVID 19	349,570	427,799
Straitéis Rannpháirtíochta Digiteach	167,198	42,349
Claochlú/ Dearadh Eagraíochta	1,304,430	312,981
<b>Iomlán</b>	<b>11,313,800</b>	<b>8,366,425</b>



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

## 8 Costais Chláir

	2022 €	2021 €
(a) Tástáil Teoirice Tiománaithe	84,674	452,394
(b) Forfheidhmiú agus Cumarsáid Tarlaithe Bóthair	2,475,438	2,394,117
(c) An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán	641,883	602,774
(d) Sábháilteacht ar Bhóithre a Chur Chun Cinn	5,253,871	4,787,339
(e) Oideachas faoi Shábháilteacht ar Bhóithre	1,334,505	507,866
(f) Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre	2,680,746	1,747,542
(g) Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre	485,229	490,790
(h) Oideachas Tiománaithe	407,641	370,048
(i) Táillí dlí	957,466	1,262,323
(j) Tástáil Acmhainneacht Bóthair Feithiclí Tráchtála	2,780,046	2,565,833
(k) Tástáil Tiománaithe	294,889	224,458
(l) Feabhsú Beartais agus Próisis maidir le Ceadúnais Tiomána	384,288	439,930
(m) Cumarsáid	1,325,094	932,348
(n) An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána	24,703,981	21,169,435
(o) Caighdeán Tiomána na Seirbhísí Éigeandála	23,682	4,833
(p) Costais an Chláir Thachagraif Dhigitigh	603,558	619,481
(q) Costais Chlár Eile	112,302	68,909
<b>Iomlán</b>	<b>44,549,293</b>	<b>38,640,420</b>

- (a) Baineann na costais 2021 seo le costais tástála teoirice tiománaithe ar líne ProProctor, rogha breise a tugadh isteach le linn 2021 do na hiarrthóirí go léir chun ligean dóibh an tástáil a dhéanamh i gcompond a dtithe féin. Cuireadh deireadh leis an scéim phíolótach seo i mí Eanáir 2022.
- (b) Sin iad na costais a bhaineann leis an gclár forfheidhmithe lena n-áirítear costais mhaoriseachta, iniúchtaí teicniúla agus cumarsáide le haghaidh CVR.
- (c) Is é seo an costas a bhaineann le maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna, baineann an ghluaiseacht bliain ar bhliain leis na costais a bhaineann le hUasghrádú Thairseach AA, aistriú chuig Conradh nua agus méadú ar sheirbhísí maoirseachta de réir conartha.
- (d) Is clár é maidir le cur chun cinn sábháilteachta ar bhóithre ina gcuireann an tÚSB sábháilteacht ar bhóithre chun cinn go leanúnach trí úsáid a bhaint as uirlisí cumarsáide margaíochta mar fhógraíocht trína gcinntítear foghlaim leanúnach ar fáil do gach úsáideoir bóthair. Tá an méadú bliain ar bhliain mar gheall ar na bearta sábhála costais riachtanacha chun aghaidh a thabhairt ar thionchar airgeadais COVID 19 i mbliana roimhe.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

- (e) Is éard is clár um oideachas sábháilteachta ar bhóithre ná clár atá dírithe ar oideachas úsáideoirí bóthair a sholáthar suas go dtí an tríú leibhéal trí raon feachtas oideachais atá forbartha go speisialta chuige sin. Tá an méadú bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar atosú an chláir tar éis thionchar COVID 19 ar imeachtaí 2021.
- (f) Is clár spriocdhírthe é an clár faoi feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar ghrúpaí úsáideoirí bóithre ar leith chun iad a chur ar an eolas faoi shábháilteacht ar bhóithre trí mhodhanna éagsúla mar leas a bhaint as an tointeálaí agus teachtaireachtaí faoi shábháilteacht ar bhóithre a aistriú go roinnt teangacha. Tá an méadú bliain ar bhliain mar gheall ar fheachtais mhéadaithe tar éis an laghdaithe mar gheall ar thionchar COVID 19 ar imeachtaí 2021.
- (g) Seo an costas a bhaineann le tabhairt faoi chláir thaighde maidir le sábháilteacht ar bhóithre.
- (h) Is caiteachas cláir é Oideachas Tiománaithe a bhaineann le tionscal na dTeagascóirí Tiomána Formheasta a rialáil. Cuimsítear leis freisin réachtáil an chláir de Theastais Tiománaithe um Inniúlacht Ghairmiúil maidir le tiománaithe busanna agus leoraithe gairmiúla.
- (i) Léiríonn an caiteachas laghdaithe ar chomhairle dlí sheachtrach in 2022 go bhfaca 2021 ceanglas maidir le sainchomhairle dlí i ndáil leis an gClár Athchóirithe Feithiclí Tráchtála, Athróg CoVis agus cosaint imeachtaí dlí, nár tharla arís in 2022.
- (j) Baineann an costas seo le feidhmiú chláir Tástála Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála.
- (k) Is é seo an costas a bhaineann le feabhsuithe ar an gclár Tástála Tiománaithe ar aon dul le méaduithe ar thástálacha a sheachadtar agus a ghabhtar in ioncam.
- (l) Baineann an clár seo le caiteachas i bhforbairt agus feabhsú na Seirbhíse Náisiúnta Ceadúnais Tiomána.
- (m) Tabhaíonn an ÚSB costas maidir lena ghníomhaíochtaí a bhaineann le ceannach meán, cruthaíocht meán agus caidreamh poiblí. Cuimsíonn sé chomh maith gníomhaíocht ÚSB sna meáin shóisialta. Tá an méadú ar chostais in 2022 mar gheall ar choigilteas costais sna blianta roimhe seo mar thoradh ar COVID -19
- (n) Baineann caiteachas an chláir sin le costais oibriúcháin na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána agus áirítear leis costas a bhaineann le táirgeadh cártaí, an líonra gníomhairí agus eilimintí próiseála cúloifige na seirbhíse cheadúnais. Tá an méadú bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar mhéadú ar iarratais ar cheadúnas tiomána in 2022 a tugadh faoi deara san ioncam.
- (o) Sin iad na costais chláir a bhaineann le Caighdeán Tiomána na Seirbhíse Éigeandála. Cuirtear an méadú ar chostais an chláir in 2022 i leith obair ullmhúcháin do thionscnamh caighdeánach nua tiomána don obair mar chuid de RSS.
- (p) Sin iad na costais chláir a bhaineann leis an tSeirbhís Dhigiteach Thacagraif. Is féidir an laghdú bliain ar bhliain a chur i leith costas in 2021 a bhaineann le hiniúchadh slándála leathbhliantúil agus costais aonuaire a bhaineann le Brexit.
- (q) Baineann costais faoin gceannteideal seo le costais fógraíochta maidir le fógraí um chaighdeáin feithiclí agus tástáil feithiclí.

Ní chuirtear costais fhoireann an ÚSB i riaradh na gclár sin san áireamh sna méideanna a thaispeántar sa nóta seo toisc nach sanntar costais foirne go sonrach chuig chláir faoi leith agus mar sin níl sé praiticiúil na costais sin a leithdháileadh.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

### 9 Maoin, Gléasra agus Trealamh

#### 9(a) 2022 Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Léasacht	Daingneáin & Feistis	Flít	Crua-earraí	Bogearraí Feidhmchláir	Iomlán
	€	€	€	€	€	€
<b>Costas</b>						
Amhail 1 Eanáir 2022	7,360,384	1,395,795	873,477	4,372,126	53,265,214	67,266,996
Breiseanna	77,136	-	-	46,727	6,535,100	6,658,963
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
<b>Amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>7,437,520</b>	<b>1,395,795</b>	<b>873,477</b>	<b>4,418,853</b>	<b>59,800,314</b>	<b>73,925,959</b>
<b>Dímheas</b>						
Amhail an 1 Eanáir 2022	1,410,902	1,190,462	873,477	4,087,023	44,810,011	52,371,876
Muirear don bhliain	370,876	74,833	-	217,651	5,633,578	6,296,939
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
<b>Amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>1,781,778</b>	<b>1,265,295</b>	<b>873,477</b>	<b>4,304,674</b>	<b>50,443,589</b>	<b>58,668,813</b>
<b>Glanluach Leabhar</b>						
<b>Amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>5,655,742</b>	<b>130,500</b>	<b>-</b>	<b>114,179</b>	<b>9,356,725</b>	<b>15,257,146</b>
<b>Amhail ar an 31 Nollaig 2021</b>	<b>5,949,482</b>	<b>205,333</b>	<b>-</b>	<b>285,103</b>	<b>8,455,203</b>	<b>14,895,120</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

### 9 Maoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

#### 9(a) 2022 Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Léasacht	Daingneáin & Feistis	Flít	Crua-earraí	Bogearraí Feidhmchláir	Iomlán
	€	€	€	€	€	€
<b>Costas</b>						
Amhail 1 Eanáir 2021	7,136,946	1,327,684	1,177,555	4,256,732	47,935,816	61,834,733
Breiseanna	223,438	68,111	-	115,394	5,329,398	5,736,341
Diúscairtí	-	-	(304,078)	-	-	(304,078)
<b>Amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>7,360,384</b>	<b>1,395,795</b>	<b>873,477</b>	<b>4,372,126</b>	<b>53,265,214</b>	<b>67,266,996</b>
<b>Dímheas</b>						
Amhail an 1 Eanáir 2021	1,046,682	1,115,526	1,157,895	3,752,135	37,819,837	44,892,075
Muirear don bhliain	364,220	74,936	19,660	334,888	6,990,174	7,783,879
Diúscairtí	-	-	(304,078)	-	-	(304,078)
<b>Amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>1,410,902</b>	<b>1,190,462</b>	<b>873,477</b>	<b>4,087,023</b>	<b>44,810,011</b>	<b>52,371,876</b>
<b>Glanluach Leabhar</b>						
<b>Amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>5,949,482</b>	<b>205,333</b>	<b>-</b>	<b>285,103</b>	<b>8,455,203</b>	<b>14,895,120</b>
<b>Amhail 31 Nollaig 2020</b>	<b>6,090,264</b>	<b>212,158</b>	<b>19,660</b>	<b>504,597</b>	<b>10,115,979</b>	<b>16,942,658</b>



## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

### 10 Earraí Infhaighte

	2022	2021
	€	€
Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán	1,610,916	1,609,056
Tobhach na Tástála Teoirice Tiomána	618,674	896,959
Táillí Tástála Tiománaithe	34,445	27,933
Ioncam ó Cheadúnais Thiomána	70,295	42,575
Ioncam Eile	33,581	31,231
<b>Iomlán</b>	<b>2,367,911</b>	<b>2,607,754</b>

### 11 Réamhíocaíochtaí

	2022	2021
	€	€
Árachas	53,796	44,930
Ceadúnais Bogearraí	702,660	691,077
Eile	80,883	82,723
<b>Iomlán</b>	<b>837,339</b>	<b>818,730</b>

### 12 Méideanna Iníoctha

#### Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2022	2021
	€	€
Creidiúnaithe trádála	5,320,950	4,637,346
ÍMAT/ÁSPC	561,360	541,320
Asbhaintí Párolla	140,042	146,558
CBL	79,680	228,959
Cáin Iarchoimeáda	241,916	283,902
Cáin Chonarthaí Iomchuí	98	98
Fabhruithe	6,384,483	4,123,798
Fabhrú Pá Saoire	359,341	422,550
Ioncaim Iarchurtha ó Tháillí Tástála Tiomána	11,770,130	8,555,825
Ioncaim Iarchurtha ó Thobhach Tástála Feithicle Tráchtála	378,187	381,507
Maoiniú Cumarsáide Iarchurtha	-	50,000
Aoisliúntas dlite don Roinn Iompair	586,460	614,595
<b>Iomlán</b>	<b>25,822,647</b>	<b>19,986,458</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

### 13 Cuntas Caipitil

	2022 €	2021 €
Iarmhéid tosaigh	14,895,120	16,942,658
<b>Aistriú ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ó Chúlchistí Ioncaim Coinnithe</b>		
Ioncam a úsáideadh le sócmhainní seasta a cheannach	6,658,962	5,736,341
Diúscairt Maoine, Gléasra agus Trealamh (NBV > €0)	-	-
Amúchadh sócmhainní seasta	(6,296,938)	(7,783,879)
<b>Aistriú chuig an gCuntas Caipitil</b>	<b>362,024</b>	<b>(2,047,538)</b>
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>	<b>15,257,144</b>	<b>14,895,120</b>

### 14 Ceanglais Chaipitil

Tá ceangaltais chaipitil ag an ÚSB i leith réitigh a chur ar fáil chun seirbhísí éagsúla roinnt conarthaí a éascú, de réir chlár an Treochláir ICT. Faoi na téarmaí conartha seo don tréimhse ó 1 Eanáir 2023 go 30 Aibreán 2023, tá ceangaltais chaipitil chonartha de €0.564m (2021: €0.076m) ag an ÚSB. Tá gealltanais chaipitil bhreise ag an ÚSB maidir le hAthchóiriú Feithiclí Tráchtála agus Infheistíocht Chórais (COVIS). Faoi théarmaí an chonartha don tréimhse 13 Bealtaine 2022 go 12 Bealtaine 2028, tá gealltanais chaipitil chonartha € 11.257m ag an ÚSB

Comhlíonfaidh an tÚSB na ceangaltais sin óna chúlchistí agus ó ioncam a gheofar amach anseo ó shruthanna ioncaim éagsúla.

### 15 Dliteanais Theagmhasacha

Tá roinnt cásanna dlí leanúnacha faoi láthair, ach i ngach cás ní dócha go n-íocfar íocaíocht nó ní féidir an méid a thomhas go hiontaofa.

### 16 Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Ghlac an tÚSB le nósanna imeachta de réir treoirínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le comhaltaí an Bhoird a bheith ag nochtadh leasanna, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta páirtithe gaolmhara ann in 2022.

### 17 Áitribh

Tá an tÚSB lonnaithe ina cheannoifig i mBéal an Átha agus i dhá bhfo-oifig i mBaile Locha Riach. Is le hOifig na nOibreacha Poiblí na háitribh sin agus níl aon chíos iníoctha ag an ÚSB. Tá 65 ionad tástála tiománaithe ag an ÚSB ar fud na tíre, lena n-áirítear 2 chompún le haghaidh feithiclí earraí troma (HGVanna). Soláthraíonn an OPW 41 de na foirgnimh seo atá lonnaithe in oifigí rialtais comhroinnte nó atá lonnaithe in áitribh eile atá á n-áitiú ag an ÚSB amháin. Ar deireadh, déanann an ÚSB 22 fhoirgneamh a ligean ar cíos go díreach mar shocrú eatramhach. Gearrtar costais seirbhísí comhroinnte ar an ÚSB as na hionaid sin atá lonnaithe in oifigí comhroinnte de chuid an rialtais.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

ar lean

### 18 Iasachtaí

---

Ceadaíonn Alt 13 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 don ÚSB airgead a fháil ar iasacht le toiliú an Aire Iompair, le comhaontú an Aire Airgeadais chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. I mí an Mheithimh 2020, chuir an tÚdarás saoráidí creidmheasa ar bun lena bhanc chun a chinntiú go bhfuil an t-airgead tirim agus an leachtacht chuí aige chun oibriú trí imeacht COVID 19. I mí Lúnasa 2020, tarraingíodh anuas €50,000 mar mhéid ainmniúil chun an tsaoráid a ghníomhachtú, bhí sé sin á aisíoc thar thréimhse 18 mí, agus íocfar an t-iarmhéid, €NÁID, ar an 31 Nollaig 2022 (2021: €5,644).

### 19 Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

---

Ag deireadh 2022, bhí cúlchistí carnacha de €15.782m coinnithe ag an ÚSB. Leithdháileadh leithdháileadh stáitchiste de €0.989m ar an ÚSB do 2022. Seachas sin, d'oibrigh an ÚSB ar bhonn féin-mhaoinithe in 2022. Tháinig méadú €5.125m ar na cúlchistí coinnithe in 2022 mar gheall ar ioncam méadaithe de €12.764m de réir mar a thosaigh seirbhísí gnó ag filleadh ar acmhainn iomlán agus méadú ar an éileamh ar sheirbhísí ar fud 2022.

### 20 Imeachtaí ina dhiaidh sin

---

Ní raibh aon imeachtaí intuairiscithe ina dhiaidh sin a raibh tionchar acu ar na ráitis airgeadais ón mbliain dar críoch 31 Nollaig 2022

### 21 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

---

D'fhaomh an tÚSB na Ráitis Airgeadais ar an 22ú Meitheamh 2023

**Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre**  
**Road Safety Authority**

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc  
an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath,  
Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 V6E4

Moy Valley Business Park, Primrose Hill,  
Dublin Road, Ballina, Co Mayo, F26 V6E4

(096) 25 000  
info@rsa.ie  
www.rsa.ie



Your online resource to easily  
and safely manage all your  
driver information, services,  
tests, permits and licences.